

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Straitéis Dhigiteach Fhine Gall
# 2020 - 2023



# Contents


| | | |
|---|---|---|
| **01** | **TEACHTAIREACHT ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH** | **05** |
| **02** | **TEACHTAIREACHT ÓN MÉARA** | **07** |
| **03** | **ACHOIMRE FHEIDHMEACH** | **09** |
| | Eolas faoin tuarascáil seo | 09 |
| **04** | **TÚS EOLAIS AR AN STRAITÉIS DHIGITEACH** | **13** |
| | An Fhís | 13 |
| | Na Prionsabail | 15 |
| **05** | **AN BONNEAGAR DIGITEACH** | **17** |
| | An staid cúrsaí reatha | 11 |
| | Cad atá beartaithe againn a bhaint amach | 19 |
| | Na spriocanna tosaíochta gur féidir iad a bhaint amach | 21 |
| **06** | **AN POBAL DIGITEACH** | **23** |
| | An staid cúrsaí reatha | 24 |
| | Cad atá beartaithe againn a bhaint amach | 28 |
| | Na spriocanna tosaíochta gur féidir iad a bhaint amach | 30 |
| **07** | **AN GNÓ DIGITEACH** | **33** |
| | An staid cúrsaí reatha | 33 |
| | Cad atá beartaithe againn a bhaint amach | 35 |
| | Na spriocanna tosaíochta gur féidir iad a bhaint amach | 37 |
| **08** | **AN RIALTAS DIGITEACH** | **39** |
| | An staid cúrsaí reatha | 40 |
| | Cad atá beartaithe againn a bhaint amach | 41 |
| | Na spriocanna tosaíochta gur féidir iad a bhaint amach | 43 |
| **09** | **AN TAIGHDE AGUS AN ANAILÍS** | **45** |
| | Cad chuige straitéis dhigiteach | 47 |
| | Comhthéacs beartais na straitéise digití | 49 |
| | Tírdhreach digiteach Fhine Gall | 53 |
| **10** | **AN COMHAIRLIÚCHÁN AGUS AN IDIRTHEAGMHÁIL** | **55** |
| | An comhairliúchán ar an straitéis dhigiteach | 55 |
| | Torthaí an chomhairliúcháin | 61 |
| **11** | **AGUISÍN A – Rannpháirtithe i ngrúpa maoirseachta ar Fhine Gall digiteach** | **65** |
| **12** | **AGUISÍN B - Páipéar saincheisteanna comhairliúcháin um an straitéis dhigiteachr** | **66** |
| **13** | **AGUISÍN C - Measúnú ullmhachta digití** | **68** |
| **14** | **AGUISÍN D - Plean Chomhairle Contae Fhine Gall don Wifi poiblí** | **70** |
| **15** | **AGUISÍN E - Gluais téarmaí agus acrainmneacha** | **72** |
| **16** | **AGUISÍN F - Tagairtí** | **74** |



# 01 Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach

Tá Comhairle Contae Fhine Gall dírithe air go bhfeabhsófar an geilleagar digiteach agus go dtacófar le pobail a bheith in ann leas a bhaint as sochaí atá cumasaithe go digiteach. Is é príomhaidhm na Straitéise ná na deiseanna a bhaineann leis an gclaochlú digiteach a uasmhéadú ar mhaithe le leas ár sochaí agus ár ngeilleagair. Creidimid gur féidir le Fine Gall an fás agus an rath inbhuanaithe eacnamaíoch a chinntiú sa todhchaí le fada amach romhainn ach an clár oibre digiteach a chur chun cinn agus foireann dinimiciúil, chomh maith le bonneagar agus seirbhísí feabhsaithe, a bheith á gcothú ann.

Tá an nascacht ríthábhachtach do ghnólachtaí áitiúla agus is í an tseirbhís bunriachtanach dár ngeilleagar náisiúnta. Tá an ról lárnach atá ag an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda chun leathanbhanda snáithín ardluais a sholáthar do phobail tuaithe i bhFine Gall aitheanta sa Straitéis. Sa cháipéis seo, tá breac-chuntas déanta againn ar thábhacht an chlaochlaithe dhigitigh do Fhine Gall agus tá na deiseanna atá ann do phobail agus do ghnólachtaí araon léirithe againn ann.

Tá leagtha amach sa Straitéis Dhigiteach trí bliana seo, atá curtha le chéile againn i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, cad é atá an Chomhairle ag iarraidh a bhaint amach agus leagtar amach ann spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha le glacadh chun muid a chur ar ár gcumas an leas is fearr d’Fhine Gall a bhaint amach as na deiseanna digiteacha atá ann. Tá ceithre chrann taca sa Straitéis Dhigiteach - an Bonneagar Digiteach, an Gnó Digiteach, am Pobal Digiteach agus an Rialtas Digiteach. Caithfidh na crainn taca go léir a bheith ag teacht ar aon dul le Plean Forbartha an Chontae agus leis an fhís lárnach atá ann chomh maith. Rinneadh na 48 mbeart go léir a bhí ann ar dtús a shainaithint trí phróiseas láidir comhairliúcháin a ndearnadh i gcomhar le páirtithe leasmhara. Déanfaidh Foireann Maoirseachta Digití Fhine Gall na bearta faoin bplean seo a nuashonrú go leanúnach, agus déanfar an mhonatóireacht orthu go leanúnach chomh maith, agus iad ag obair ar fud na rannáin uile sa Chomhairle. Is doiciméad beo atá ann a mbeifear á athrú agus á oiriúint le himeacht na mblianta.

**AnnMarie Farrelly**
Príomhfheidhmeannach Chomhairle
Contae Fhine Gall



# 02 Teachtaireacht ón Méara


Tá sé mar aidhm ag Straitéis Dhigiteach Chomhairle Contae Fhine Gall saoránaigh, gnóthais agus cuairteoirí a spreagadh agus tacú leo chun iomlán an bhuntáiste atá i gceist le sochaí atá éascaithe ar bhonn digiteach a bhaint amach. Tá sárthaispeántas déanta de na buntáistí iomadúla atá i gceist leis an digitiú sa Straitéis seo, maidir lenár riocht sláinte, lenár sonas agus ár bhfolláine, ó thacú leis an ngeilleagar agus an chianobair a chumasú, go dtí feabhas a chur ar an rochtain ar an oideachas, ar an léann agus an nascacht shóisialta.

Tá an rochtain ar theicneolaíochtaí digiteacha agus ar sheirbhísí digiteacha tar éis éirí le bheithriachtanach sa saol laethúil atá againn.

Tá sé mar aidhm ag Straitéis Dhigiteach Fhine Gall tacaíocht a thabhairt don gheilleagar digiteach agus daoine de gach aois a chur ar chumas chun teacht ar sheirbhísí digiteacha, agus iad a úsáid, i bhFine Gall. Tá breac-chuntas tugtha sa Straitéis ar roinnt príomhchuspóirí chun cabhrú chun an deighilt dhigiteach a dhúnadh agus chun tacú le pobail agus gnóthais rochtain a fháil ar sheirbhísí digiteacha.

Tá béim curtha ar cé chomh tábhachtach is atá sé a bheith nasctha go digiteach le tamall beag anuas agus na teagmhais aimsire foircneacha a bhí ann le déanaí, chomh maith le paindéim domhanda COVID-19. Tá sé mar aidhm ag Straitéis Dhigiteach Fhine Gall tacú le pobail dul ar líne agus fanacht nasctha ann.

Tá dúil againn tírdhreach digiteach Fhine Gall a athrú ó bhonn, agus tacaíocht a thabhairt don fhorbairt pobail chliste, agus an fhís atá againn go mbeidh Fine Gall forbartha mar cheantar ionas gurb é an áit is fearr in Éirinn chun cónaí nó obair ann, chun cuairt a thabhairt air agus chun gnó a dhéanamh ann, agus tá an dúil sin le brath sa straitéis.



**An Clr. Eoghan O'Brien**
Méara Fhine Gall


Interior Design
Product Design
Industrail Design
3D RENDERING PERSPECTIVE DESIGN VIEW
LAYOUT PLAN DESIGN
Urban Design
Facade Desigan
NETWORK
CONNECTIONS
DISTRIBUTIONS
SEGMENTATIONS

# 03 Achoimre Fheidhmeach

## EOLAS FAOIN TUARASCÁIL SEO

Rinne Comhairle Contae Fhine Gall an straitéis dhigiteach seo a fhorbairt chun pobail agus gnóthais a spreagadh agus a thacú ionas gur féidir leo na buntáistí iomlána a bhaineann le sochaí atá cumasaithe go digiteach a bhaint amach.

Tá leagtha amach sa Straitéis Dhigiteach trí bliana seo cad é atá an Chomhairle ag iarraidh a bhaint amach agus leagtar amach ann spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha le glacadh chun muid a chur ar ár gcumas an leas is fearr d'Fhine Gall a bhaint amach as na deiseanna digiteacha atá ann. Is doiciméad beo atá ann a mbeifear á athrú agus á oiriúint le himeacht na mblianta agus ar aon dul leis an tsochaí dhigiteach atá de shíor ag athrú. Leagtar amach sa straitéis fís fhoriomlán don Chontae lena n-áirítear roinnt cuspóirí lárnacha chomh maith le bealach soiléir chun í a chur i bhfeidhm.

Tá Straitéis Dhigiteach Fhine Gall ailínithe go dlúth leis an fhís lárnach atá againn i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall[1] *go ndéanfar ár ndícheall le Fine Gall a fhorbairt mar cheantar ionas gurb é an áit is fearr in Éirinn chun cónaí nó obair ann, chun cuairt a thabhairt air agus chun gnó a dhéanamh ann'.*

Tacaíonn an straitéis seo le cláir dhigiteacha, idir na cinn náisiúnta agus de chuid an AE araon, rolladh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, agus pleananna agus straitéisí áitiúla eile lena n-áirítear; Plean Forbartha Fhine Gall 2017–2023,[2] Plean Forbartha Leabharlanna Fhine Gall 2018–2023,[3] Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall (LECP) 2016–2020,[4] Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide 2019–2024,[5] Straitéis Chliste Bhaile Átha Cliath,[6] Straitéis Scileanna Fhine Gall[7] agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.[8]

Is tionscnamh de chuid an rialtais é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda[9] (NBP) chun seirbhísí leathanbhanda ardluais a chur ar fáil do gach uile ghnólacht agus líon tí in Éirinn. Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta dó go n-éascófar rolladh amach an NBP tá sé aitheanta ag an gComhairle an ról ríthábhachtach a bheidh ag an leathanbhanda san fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta i bhFhine Gall, i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon. Ar aon dul le táirgí insoláthartha an NBP, d'fhorbair Comhairle Contae Fhine Gall an straitéis dhigiteach seo chun na deiseanna a bhaineann leis an gclaochlú digiteach a uasmhéadú ar mhaithe le leas ár sochaí agus ár ngeilleagair, agus lena cinntiú gur áit níos fearr fós fiú í an Fhine Gall chun cónaí nó obair ann, chun cuairt a thabhairt air agus chun gnó a dhéanamh ann.

Tá ceithre chrann taca i Straitéis Dhigiteach Fhine Gall - an Bonneagar Digiteach, an Pobal Digiteach, am Gnó Digiteach agus an Rialtas Digiteach. Ag seo a leanas na cuspóirí straitéiseacha atá faoi gach aon cheann de na crainn taca siúd.



| Crann Taca | An Bonneagar Digiteach |
|---|---|
| An Fhís | Bonneagar digiteach den scoth a fhorbairt ar fud Fhine Gall, lena ndéanfar cinnte de go bhfuil an bonneagar digiteach atá oiriúnach don fheidhm curtha ar fáil ar fud Fhine Gall, sna ceantair tuaithe agus uirbeacha araon. |
| **Cuspóir** | **Cur Síos** |
| 1 | Forbairt an leathanbhanda ardluais agus an bhonneagair dhigitigh a éascú |
| 2 | An rochtain ar an nascacht gan sreang a fhorbairt agus a fheabhsú |
| 3 | Bonneagar cathrach cliste a fhorbairt chun an éifeachtúlacht a chur ar aghaidh agus seirbhísí a fheabhsú |

| Crann Taca | An Pobal Digiteach |
|---|---|
| An Fhís | Saoránaigh agus pobail a chumhachtú le bheith in ann páirt a ghlacadh i bhforbairt a bpobal agus iad a chur ar a gcumas na pobail sin a chur chun cinn agus tacú leo rochtain a fháil ar scileanna digiteacha, agus ar sheirbhísí digiteacha go mbeifear in ann deiseanna a chur ar fáil do chuile dhuine dá bharr. |
| **Cuspóir** | **Cur Síos** |
| 1 | An ríomh-ionchuimsiú a chur chun cinn agus an comhionannas digiteach agus an rannpháirtíocht dhigiteach a fheabhsú i measc grúpaí mionlaigh |
| 2 | Tacaíocht a thabhairt don Oideachas agus Oiliúint Dhigiteach chun scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach an tsaoránaigh a mhéadú |
| 3 | Méadú a chur leis an fheasacht atá ag daoine ar na rioscaí agus na buntáistí a bhíonn i gceist nuair a théann an saoránach ar líne |
| 4 | Tacaíocht a chur le forbairt Phobal Cliste chun cur leis an fhorbairt shocheacnamaíoch |

| Crann Taca | An Gnó Digiteach |
|---|---|
| An Fhís | Ár ndícheall a dhéanamh Fine Gall a fhorbairt ionas gurb é an áit is fearr chun gnólacht a thionscain agus a fhás araon. |
| **Cuspóir** | **Cur Síos** |
| 1 | Tacaíocht a thabhairt do na FBManna ionas gur féidir leo leas a bhaint as an ngeilleagar digiteach |
| 2 | Tairbhe a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach chun an Turasóireacht a chur chun cinn i bhFine Gall |
| 3 | Forbairt moil dhigiteacha agus spásanna comhoibrithe d'fhiontraithe a éascú |
| 4 | Tacaíocht agus údar spreagadh a thabhairt don fhorbairt chathracha cliste |

| Crann Taca | An Rialtas Digiteach |
|---|---|
| An Fhís | Príomhsheirbhísí poiblí a athrú ó bhonn, agus béim curtha san athrú sin ar éifeachtúlachtaí agus an inrochtaineacht do chách a chur ar aghaidh chomh maith le seirbhísí digiteacha poiblí a dhearadh atá uilechuimsitheach ar bhonn uathoibríoch. |
| **Cuspóir** | **Cur Síos** |
| 1 | Seirbhís den scoth a chur ar fáil don chustaiméir |
| 2 | An rochtain atá ar seirbhísí ar líne atá so-úsáidte, inrochtana a mhéadú |
| 3 | Cultúr den feabhsúchán leanúnach, agus den trédhearcacht, den nuálaíocht agus den inbhuanaitheacht a chur chun cinn |

Rinneadh roinnt bearta faoi gach aon cheann de na cuspóirí thuasluaite atá leagtha amach sa Straitéis a shainaithint.


Jan
Feb
Mar
Apr
May
Jun
Jul
Aug
Sep
100000
10000
8000
6000
4000
Innovation
Branding
Solution
Marketing
Analysis
Ideas
Success
Management

# 04 Réamhrá

## AN FHÍS

Is í an fhís atá againn ná go ndéanfar ár ndícheall Fine Gall a fhorbairt mar cheantar ionas gurb é an áit is fearr in Éirinn chun cónaí nó obair ann, chun cuairt a thabhairt air agus chun gnó a dhéanamh ann. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo pobail agus gnóthais a spreagadh agus a thacú ionas gur féidir leo na buntáistí iomlána a bhaineann le sochaí atá cumasaithe go digiteach a bhaint amach.

Ní faoin teicneolaíocht amháin a mbítear ag caint nuair a thagraítear don ghné dhigiteach, ach faoin tslí ina mbítear ag maireachtáil, ag idirnascadh agus ag obair chomh maith. Baineann an straitéis seo, mar sin, leis an gcaoi a soláthraímid ár seirbhísí poiblí, ár mbonneagar, ár spásanna, ár ngeilleagar agus ár bpoist agus leis an gcaoi a dhéanaimid iad a fheabhsú i bhFhine Gall, anois agus go ceann na mblianta amach anseo.

Is é príomhaidhm Straitéis Dhigiteach Fhine Gall ná tacú le pobail, le gnóthais agus le saoránaigh a lán acmhainneacht a bhaint amach maidir le teicneolaíochtaí leathanbhanda agus digiteacha. Tá fís ag Comhairle Contae Fhine Gall go mbeadh ag gach aon fhiontar, pobal agus saoránach sa Chontae ar fad na nithe seo a leanas:

- Rochtain ar an mbonneagar leathanbhanda ardluais.
- Tuiscint faoi na feidhmeanna agus na buntáistí féideartha go léir gur féidir baint as an mbonneagair seo.
- An acmhainneacht agus na scileanna atá riachtanach chun a bheith in ann na deiseanna uile a bhíonn ar fáil i sochaí atá éascaithe ar bhonn digiteach a aithint agus leas a bhaint astu.
- Rochtain ar sheirbhísí ar líne na Comhairle.
- Deiseanna jabchruthúcháin feabhsaithe a bheith ann mar gheall ar an ngeilleagar digiteach.

Tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin agus rannpháirtíochta d'fhonn Straitéis Dhigiteach atá ionchuimsitheach a chur i gcrích i bhFine Gall. Bhí roinnt beart i gceist leis an bpróiseas seo, lena n-áirítear páipéar saincheisteanna poiblí a fhorbairt, ceardlanna smaointeoireachta deartha i gcomhar le grúpaí straitéiseacha pobail agus fiontar agus suirbhé comhairliúcháin a fhorbairt chun an rannpháirtíocht sa phobal a spreagadh. Is féidir teacht ar sonraí breise faoi phróiseas comhairliúcháin na Straitéise Digití i gCaibidil a seacht agus i gCaibidil a hocht den doiciméad seo.

Tá ceithre chrann taca lárnacha aitheanta againn chun tacú leis an bhfís seo agus chun forbairt agus claochlú digiteach Fhine Gall a threorú.



## An Bonneagar Digiteach

Bonneagar digiteach den scoth a fhorbairt ar fud Fhine Gall, lena ndéanfar cinnte de go bhfuil an bonneagar digiteach atá oiriúnach don fheidhm curtha ar fáil ar fud Fhine Gall, sna ceantair tuaithe agus uirbeacha araon.



## An Pobal Digiteach

Saoránaigh agus pobail a chumhachtú a bheith in ann páirt a ghlacadh i bhforbairt a bpobal agus iad a chur ar a gcumas na pobail sin a chur chun cinn agus tacú leo rochtain a fháil ar scileanna digiteacha, agus ar sheirbhísí digiteacha go mbeifear in ann deiseanna a chur ar fáil do chuile dhuine dá bharr.



## An Gnó Digiteach

Ár ndícheall Fine Gall a fhorbairt mar cheantar ionas gurb é an áit is fearr chun gnólacht a thionscain agus a fhás araon. Leanfaimid orainn ag tacú leis an ngeilleagar digiteach trí thacaíochtaí agus áiseanna ríthábhachtacha a chur ar fáil do ghnólachtaí agus d’fhiontraithe.



## An Rialtas Digiteach

Príomhsheirbhísí poiblí a athrú ó bhonn, agus béim curtha san athrú sin ar éifeachtúlachtaí agus an inrochtaineacht do chách a chur ar aghaidh chomh maith le seirbhísí digiteacha poiblí a dhearadh atá uilechuimsitheach ar bhonn uathoibríoch.

Forbraíodh na crainn taca seo de réir a chéile i rith chéim na straitéise chomhairliúcháin. Tá na crainn taca ailínithe go dlúth le Creat Straitéise Digiteach Náisiúnta na hÉireann[10] agus leis an gCreat Straitéise Digití Áitiúla arna fhorbairt ag Indecon Economic Consultants.[11] Tá creat téamach Fhine Gall ailínithe go dlúth le Pleananna agus Straitéisí Áitiúla Chomhairle Contae Fhine Gall agus tá an cleachtas idirnáisiúnta is fearr maidir le straitéisí digiteacha, mar a thagraítear dó i gCaibidil a seacht den doiciméad seo, léirithe sa chreat.



# NA PRIONSABAIL

Ag seo thíos, na prionsabail a bheidh mar bhonn agus mar thaca le forbairt na straitéise digití le haghaidh Fhine Gall agus na gníomhartha, na pleananna agus na tionscnaimh bheartais a ghabhann leis an straitéis sin:

**Dírithe ar an saoránach**

Cuirtear an saoránach i gcroílár na dtionscnaimh nuair ata siad á ndearadh.

**Ionchuimsitheach mar réamhshocrú**

Caithfidh na seirbhísí digiteacha go léir a bheith ionchuimsitheach de réir réamhshocraithe, ní mór bealaí malartacha a bheith curtha ar fáil, agus oiliúint agus cúnamh leis, nuair is gá.

**Comhoibriú na bpáirtithe leasmhara**

Tá rannpháirtíocht agus comhoibriú na ngeallsealbhóirí riachtanach chun torthaí a bheith tionscadail a bhaint amach.

**An tAilíniú Straitéiseach**

Initiatives will ensure they meet the EU Commission Data Ethics guiding principles.

**An Trédhearcacht**

Beidh tionscnaimh na Straitéise Digití oscailte de réir réamhshocraithe, ag baint úsáide as an ailtireacht ríomhaire oscailte, sonraí oscailte agus caighdeáin oscailte, ag cinntiú go gcumasaíonn siad an comhoibriú, an comhroinnt agus an trédhearcacht neamhshrianta.

**Cúrsaí Eiticiúla**

Ní mór do na tionscnaimh go léir comhlíonadh le treoirphrionsabail Choimisiún an AE maidir leis an Eitic Sonraí.

**An Luach ar Airgead**

Cinnteoimid go mbeimid ag caithimh leis an maoiniú le haghaidh tionscnaimh chliste ar bhealach níos cliste, bainfear tairbhe as comhpháirtíochtaí chun costais a roinnt agus tion-scadail a chur i mbun lena mbainfear amach an luach do na comhpháirtithe uile atá páirteach iontu. Oibreoimid i gcomhar le hinstitiúidí acadúla chun réitigh nua ar fhadhbanna saoránach a aimsiú.



# 05 An Bonneagar Digiteach

Is í an fhís atá againn don chrann taca seo ná bonneagar digiteach den scoth a fhorbairt ar fud Fhine Gall, lena ndéanfar cinnte de go bhfuil an bonneagar digiteach atá oiriúnach don fheidhm curtha ar fáil ar fud Fhine Gall, sna ceantair tuaithe agus uirbeacha araon.

Tá an crann taca seo dírithe ar cheithre phríomhchuspóir:

- Forbairt leathanbhanda ardluais agus bonneagair dhigitigh a éascú.
- An rochtain ar an nascacht gan sreang a fhorbairt agus a fheabhsú.
- Bonneagar cliste a fhorbairt chun an éifeachtúlacht a chur ar aghaidh agus seirbhísí a fheabhsú.
- An cumas chun sonraí a chomhroinnt agus seirbhísí sonraí-bhunaithe a chur chun cinn.

## AN STAID CÚRSAÍ REATHA

### Cuspóir: Forbairt leathanbhanda ardluais agus bonneagair dhigitigh a éascú

OTá an easpa bonneagair ardluais agus bonneagair dhigitigh ar cheann de na constaicí is mó san fhorbairt dhigiteach. Cé go bhfuil infheistíocht shuntasach déanta ar cháblaí snáthoptaice agus ar an teileachumarsáid soghluaiste leis an infheistíocht tráchtála le blianta beaga anuas, tá deighilt tuaithe-uirbeach fós ann i ndáil leis na seirbhísí leathanbhanda sa Chontae. Cuireadh an Plean Náisiúnta Leathanbhanda ar bun chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach atá ann idir pobail thuaithe agus pobail uirbeacha agus chun an leathanbhanda ardluais a chur ar fáil do gach uile líon tí in Éirinn.

Maidir leis an mbonneagar teileachumarsáide, is fearr a fhreastalaítear ar Fhine Gall ná ar na contaetha tuaithe atá lonnaithe timpeall air, ach tá deighilt tuaithe-uirbeach sa cheantar é féin fós féin maidir le seirbhísí leathanbhanda ardluais agus fágann sé sin go bhfuil pobail tuaithe ann faoi mhíbhuntáiste maidir lena riachtanais mhaireachtála agus oibre araon. Sna sonraí is úrnua atá ar fáil ón RCGAC (R3-2019 - Tábla 1), tá sé léirithe nach bhfuil rochtain ag beagnach 9% de na háitribh ar sheirbhísí leathanbhanda ardluais atá iontaofa.[12]

| | Nasc leis an Léarscáil | Áitribh i Limistéar Idirghabhála | Áitribh atá clúdaithe ag Oibreoirí Tráchtála | Áitribh le clúdach leis an Imscaradh Tuaithe Tráchtála Pleanáilte | Líon Iomlán na nÁitreabh |
|---|---|---|---|---|---|
| BÁC - Fine Gall | Léarscáil | 6,050 | 57,338 | 194 | 63,582 |
| Cuan BÁC Thuaidh | Léarscáil | 425 | 65,595 | 0 | 66,020 |
| BÁC Thiar | Léarscáil | 1,121 | 46,976 | 0 | 48,097 |

***Tábla 1:** Léarscáileanna Toghcheantair um an Plean Leathanbhanda Náisiúnta - R3 2019*

## Cuspóir: An rochtain ar an nascacht gan sreang a fhorbairt agus a fheabhsú

Faoi láthair, tá an nascacht gan sreang saor in aisce curtha ar fáil ag Comhairle Contae Fhine Gall in Oifigí na Comhairle i Sord agus i mBaile Bhlainséir agus i Leabharlanna Fhine Gall chomh maith. Tá sé beartaithe ag an gComhairle an bonneagar wifi atá aige a fheabhsú chun an nascacht níos tapa agus níos iontaofa a sholáthar do na foirgnimh phoiblí seo. In 2019, lainseáil an Chomhairle Treochlár WiFi Poiblí Fhine Gall. Sa phlean sin, tá breac-chuntas tugtha ar threochlár chun pointí WiFi poiblí ardluais a chur ar fáil i mbailte agus i sráidbhailte i bhFine Gall. Mar chuid de Chéim 1 de Treochlár WiFi Poiblí Fhine Gall táthar chun scéim wifi poiblí saor in aisce arna sholáthar ag oibreoirí tráchtála a chur i bhfeidhm. Tá an Chomhairle i mbun dteagmháil a dhéanamh le hoibreoirí tráchtála chun féachaint ar an fhéidearthacht atá ann go gcuirfeadh an gníomhairí tionscail an WiFi poiblí saor in aisce ar fail i lár ár mbailte príomhúla - áiteanna a bhfuil sé inmharthana ó thaobh na tráchtála de seirbhís dá leithéid a sholáthar don phobal. I mí Aibreáin 2018, rinne Magnet Networks WiFi Lár Baile Bhaile Brigín a lainseáil faoin scéim oibreora tráchtála seo.

## Cuspóir: Bonneagar cathrach cliste a fhorbairt chun an éifeachtúlacht a chur ar aghaidh agus seirbhísí a fheabhsú

Digitalisation, in a Smart City region context, is the capturing of analogue data of everyday life by means of suitable sensors and their transfer into digital information which can be further processed by electronic means. Everyday examples of this type of digitalisation can be found all around us, for example: real-time transport data on Google Maps, live car parking information displaying free car park spaces and live information at Dublin Bus stops. Fingal is currently trialling a number of Smart assets including;

- Araidí comhbhrúiteora dramhaíola grianchumhachtaithe
- Soilse sráide atá in ann carr leictreach a luchtú
- Flít d'fheithiclí leictreacha
- Binsí cliste
- Scéim comhroinnte rothair
- Scéim comhroinnte carranna
- Aip um Páirceáil Carranna
- Scairdeáin chliste
- An bhainistíocht fuinnimh chliste

## Cuspóir: An cumas chun sonraí a chomhroinnt agus seirbhísí sonraí-bhunaithe a chur chun cinn

Caithfidh rochtain a bheith agat ar shonraí cliste chun contae 'Cliste' a thógáil. Ghlac Comhairle Contae Fhine Gall go luath le Sonraí Oscailte. I mí na Samhna 2010 sheol Comhairle Contae Fhine Gall Sonraí Oscailte Fhine Gall - an chéad tairseach Sonraí Oscailte in Éirinn data.fingal.ie. An bhliain ina dhiaidh sin, tháinig na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath le chéile chun Dublinked a chur i mbun, lena gcuirtear sonraí oscailte ó réigiún Bhaile Átha Cliath ar fáil ar data.smartdublin.ie. In 2014 láinseáil an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) an tairseach náisiúnta sonraí oscailte, data.gov.ie. Bhí Comhairle Contae Fhine Gall ina comhpháirtí gníomhach sa tionscnamh seo agus tá an comhairle fós páirteach ann ar bhonn comhairleach. Bhí baint ag an gComhairle freisin le forbairt na Straitéise Náisiúnta Sonraí Oscailte do 2017-2022[13] a d'fhoilsigh an RCPA i mí Iúil 2017. Is é an sprioc atá ag an straitéis seo ná go mbeidh Éire ina ceannaire i gcúrsaí sonraí oscailte agus go gcruthófar timpeallacht sa tír ina dtabharfar na buntáistí eacnamaíocha, sóisialta agus daonlathacha a baineann le sonraí oscailte faoi deara agus ina mbainfear amach na buntáistí sin.

Tá ceithre phríomhchuspóir ag láithreán sonraí oscailte Fhine Gall:

- **An Trédhearcacht** – is féidir le saoránaigh rochtain a fháil ar na sonraí a chuidíonn leis an gComhairle agus le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí chun cinntí a dhéanamh. Is féidir le saoránaigh na sonraí seo a úsáid chun luach sóisialta breise a bhaint amach.
- **An Rannpháirtíocht** – is féidir le saoránaigh a rannpháirtíocht i gcontae Fhine Gall a mhéadú trí na sonraí a úsáid chun saincheisteanna a anailísiú, chun smaointe nua a mholadh, chun léargas a fháil ar an rialtas áitiúil agus chun a saol agus a bpobal a shaibhriú.
- **An Fhorbairt Gheilleagrach** - déantar saoránaigh agus gnóthais araon a ghríosú chun na sonraí seo a úsáid chun aipeanna, láithreáin ghréasáin nó táirgí úsáideacha eile a tháirgeadh, agus chun tacú le próisis chinnteoireachta.
- **An Comhoibriú** – déantar saoránaigh agus gnóthais araon a ghríosú chun a gcuid smaointe a mholadh maidir le sonraí breise a d'fhéadfaí a fhoilsiú, na feidhmchláir nó na seirbhísí a d'fhéadfaí a thógáil trí úsáid a bhaint as na sonraí agus conas a d'fhéadfaí an rochtain ar na sonraí a fheabhsú ach ríomhphost a chur chuig opendata@fingal.ie

Tá sé mar aidhm ag Straitéis Dhigiteach Fhine Gall go gcuirfear leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le Sonraí Oscailte Fhine Gall, Dublinked agus an t-ardán Sonraí Oscailte Náisiúnta chun cur leis an acmhainneacht comhroinnte sonraí ar fud na Comhairle d'fhonn acmhainneacht shonraí Fhine Gall a nochtadh.

# CAD É ATÁIMID AG IARRAIDH A BHAINT AMACH

## Cuspóir: Forbairt leathanbhanda ardluais agus bonneagair dhigitigh a éascú

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do bhonneagar agus seirbhísí digiteacha an Chontae a fhorbairt agus a fheabhsú. Ceapadh Oifigeach Leathanbhanda chun maoirseacht a dhéanamh ar an mbonneagar nascachta sa chontae. Is é ról an Oifigigh Leathanbhanda ná feidhmiú mar theagmhálaí áitiúil d'oibreoirí teileachumarsáide agus don phobal maidir le haon fhadhbanna atá acu a bhaineann le cursaí teileachumarsáide. Beidh an phríomhról acu freisin de réir mar a bheidh an Plean Náisiúnta Leathanbhanda á rolladh amach i bhFine Gall.

## Cuspóir: An rochtain ar an nascacht gan sreang a fhorbairt agus a fheabhsú

Beidh sé ina sócmhainn thábhachtach dár gcuairteoirí, dár ngnóthlachtaí agus dár gcónaitheoirí rochtain ar WiFi poiblí saor in aisce a bheith acu i lár ár mbailte agus ár sráidbhailte. Fuarthas sa Suirbhé ar an Straitéis Dhigiteach gurb é an rochtain ar WiFi poiblí saor in aisce a fuair an scór is airde ar an iomlán mar thionscadal ar cheart tosaíocht a thabhairt dó. Tá na forbairtí atá beartaithe do na 18 mí atá amach romhainn léirithe i bhforbairt an phlean WiFi poiblí d'Fhine Gall (Aguisín D)

Agus an tseirbhís seo tugtha isteach, déanfar an clú atá ar Fhine Gall a neartú mar áit cheannródaíoch agus mar thírdhreach uirbeach agus tuaithe ina bhfuil an t-ionchuimsiú digiteach, agus ina ndéantar an rochtain láidir ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis ar líne ar fud an chontae a chur chun cinn.

Ag seo, príomhaidhmeanna tionscadal Wi-Fi na Comhairle:

- Rochtain phoiblí saor in aisce ar sheirbhísí idirlín a chur ar fáil sna limistéir is mó tábhachtaí sna bailte príomhúla, agus i sráidbhailte chomh maith.
- Fine Gall a chur chun cinn mar réigiún ceannródaíoch ina nglactar leis an ionchuimsiú digiteach.
- An WiFi poiblí saor in aisce a thabhairt isteach mar uirlis chúnaimh chun an fhás eacnamaíoch a chothú, rud a fhágfaidh go mbeidh Fine Gall ina cheann scríbe níos tarraingtí don saoránach, do ghnólachtaí agus do chuairteoirí chomh maith.
- Chun cur leis an rochtain phoiblí atá ar fáil ar sheirbhísí agus ar an fhaisnéis ar líne.
- Chun obair i gcomhar leis an earnáil tionsclaíochta chun an infheistíocht sa bhonneagar digiteach a chur chun cinn.

Is féidir leat féachaint ar an leagan iomlán de Phlean WiFi Poiblí Fhine Gall in Aguisín D den doiciméad seo.

## Cuspóir: Bonneagar cathrach cliste a fhorbairt chun an éifeachtúlacht a chur ar aghaidh agus seirbhísí a fheabhsú

Tá an Chomhairle ag forbairt treoirthionscadail Bonneagair Chliste mar chuid den Straitéis Dhigiteach d'Fhine Gall. Is é aidhm na dtionscadal seo an nuálaíocht dhigiteach a thaispeáint agus feabhsúcháin a dhéanamh ar an troscán sráide i bhFine Gall. In 2019, d'éirigh leis an gComhairle maoiniú a fháil ó Chlár Nuálaíochta Digití na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail chun tionscadal cliste troscáin sráide a fhorbairt i bhFine Gall. Táthar chun 15 bhinse a chur ar fáil in 8 mbaile agus sráidbhaile éagsúla faoin tionscadal seo, agus pointí WiFi ardluais san áireamh leis sin. Beidh gnéithe cliste ag gabháil leis na binsí seo, leithéidí; na comharthaíochta dhigití, braiteoirí comhshaoil IOT, painéal gréine, an luchtú teileafóin gan sreang agus an wifi poiblí saor in aisce.

I measc na dtionscadal Bonneagair Chliste eile atá á bhforbairt ag an gComhairle faoi láthair tá: colúin solais sráide a aisfheistiú le pointí luchtaithe gluaisteán leictreacha, suiteáil braiteoirí comhaireamh rothair, clibeála sócmhainní a bheith curtha le baoithe tarrthála agus boscaí bruscair dramhaíola gréine a shuiteáil.

## Cuspóir: An cumas chun sonraí a chomhroinnt agus seirbhísí sonraí-bhunaithe a chur chun cinn

Tá sé léirithe i staidéir atá déanta go bhfuil feidhm ag Sonraí Oscailte mar éascaitheoir don nuálaíocht agus don eolas sa lá atá inniu ann. Mar gheall ar rochtain a bheith ann ar shonraí neamhphearsanta oifigiúla, i bhformáid oscailte, tacaítear leis an gcinnteoireacht níos éifeachtaí, cuidítear leis an trédhearcacht maidir leis an gcaiteachais phoiblí agus tugtar cumhacht don shaoránach ról níos idirgníomhaí a ghlacadh ina phobal féin. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh iarrachta sonraí maidir le tacair sonraí ardluacha a chur ar fáil agus cultúr trédhearcach agus oscailteachta a chur chun cinn. Chun na críche sin, cuirfimid oiliúint feasachta Sonraí Oscailte ar fáil don fhoireann, taispeánfaidh Sonraí Oscailte Fhine Gall le ceardlanna agus hackathons [comórtais haiceála] agus spreagfaimid cultúr oscailte de réir réamhshocraithe ar fud na heagraíochta. Tá Oifigeach Idirchaidrimh um Shonraí Oscailte ceaptha againn i bhFine Gall chun oibriú go dlúth le rannáin na Comhairle chun foilseachán shonraí Chomhairle Contae Fhine Gall ar ardáin Sonraí Oscailte a spreagadh agus a chumasú.

Tá sé mar aidhm againn i bhFine Gall caighdeán ár sonraí a fheabhsú trí iniúchadh Sonraí Oscailte a dhéanamh i gcomhar le Baile Átha Cliath Cliste. Déanfaimid athbhreithniú ar na tacair shonraí uile agus cuirfimid sonraí caighdeánaithe ar fud na gceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath ar fáil. Déanfaimid ár ndícheall sonraí inrochtana ar chaighdeán níos airde a tháirgeadh trí mhaischláir léirshamhlaithe a chruthú, ar a dtaispeánfar sonraí ar bhealach atá furasta le húsáid.

# NA SPRIOCANNA TOSAÍOCHTA GUR FÉIDIR IAD A BHAINT AMACH

| Crann Taca | An Bonneagar Digiteach | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| An Fhís | Bonneagar digiteach den scoth a fhorbairt ar fud Fhine Gall, lena ndéanfar cinnte de go bhfuil an bonneagar digiteach atá oiriúnach don fheidhm curtha ar fáil ar fud Fhine Gall, sna ceantair tuaithe agus uirbeacha araon. | | | | |
| Cuspóir | Forbairt an leathanbhanda ardluais agus an bhonneagair dhigitigh a éascú | | | | |
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 1.1 | Leanfar ar aghaidh ag obair go réamhghníomhach i gcomhar leis an tionscal teileachumarsáide chun cabhrú le seirbhísí leathanbhanda ardluais a sholáthar do gach uile áitreabh. | CCFG | Oifigeach Forbartha Leathanbhanda (BBO) | Fós ar siúl | Cuir leis an méid rochtana ar an leathanbhanda ardluais in áitribh sa chontae. |
| 1.2 | Facilitate the rollout of the National Broadband Plan to deliver high-speed broadband to every premises in Fingal. | FCC | BBO, NBI, DCCAE, DRCD | Fós ar siúl | Connectivity brought to areas in the NBP intervention zone. |
| Cuspóir | An rochtain ar an nascacht gan sreang a fhorbairt agus a fheabhsú | | | | |
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 1.3 | Tacú le forbairt Pointí Nasctha Leathanbhanda i gceantair thuaithe Fhine Gall. Feidhmeoidh na pointí seo mar mhol nascachta pobail i bpobail thuaithe. | CCFG | BBO, NBI, RCGAC, RFTP | Fós ar siúl | An nascacht curtha ar fáil i gceantair i gcrios idirghabhála an NBP. |
| 1.4 | Líonra de phointí WiFi poiblí a fhorbairt i mbailte agus i sráidbhailte Fhine Gall. | CCFG | WIFI4EU, DRCD | 2020 - 2021 | Rochtain WiFi saor in aisce curtha ar fáil i lár na mbailte agus na sráidbhailte. |
| 1.5 | Feabhas a chur leis an nascacht WiFi i bhfoirgnimh na Comhairle, in Áitribh Oidhreachta, i Leabharlanna agus in Ionaid Pobail. | CCFG | Telcos | Fós ar siúl | WiFi atá oiriúnach don fheidhm ar fáil i ngach uile fhoirgneamh de chuid na Comhairle. |
| 1.6 | Feabhas a chur ar nascacht atá ar fáil ag Imeachtaí Fhine Gall. | CCFG | | 2020 - 2023 | Imscrúdú a dhéanamh ar fheabhsuithe WiFi agus ar chomharthaí teileafóin ag imeachtaí. |
| Cuspóir | Bonneagar cathrach cliste a fhorbairt chun an éifeachtúlacht a chur ar aghaidh agus seirbhísí a fheabhsú | | | | |
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 1.7 | Troscán Sráide Cliste Fhine Gall a fhorbairt - lena n-áirítear binsí cliste, stadanna bus cliste, boscaí bruscair grianchumhacthaithe, comharthaí digiteacha, srl. | CCFG | | Fós ar siúl | An troscán sráide Cliste suiteáilte. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1.8 | Líonra de Phointí Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha ar na sráideanna a fhorbairt. | CCFG | RCGAC | 2020 - 2023 | Pointí luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha suiteáilte marchuid den Phlean Gníomhaíochta um an Athrú Aeráide. |
| 1.9 | Moil Soghluaisteachta Cliste a fhorbairt i lár na mbailte a bheidh suite in aice le naisc ghnóthachta iompair phoiblí agus a mbeidh spás do charranna leictreacha iontu, chomh maith le spás aosach, spás do dhaoine faoi mhíchumas, spás comhroinnte rothar agus carr, agus racaí rothar. | CCFG | | 2020 - 2023 | 10 Mol Soghluaisteachta Cliste a fhorbairt ar fud Fhine Gall chun freastal ar an lucht comaitéireachta. |
| 1.10 | An mhonatóireacht chomhshaoil a mhéadú leis an teicneolaíocht braiteora - an t-aer, an torann, an ithir, an t-uisce agus tuilte a thomhas. | CCFG | | Fós ar siúl | Líon na mbraiteoirí comhshaoil i bhFine Gall a mhéadú. |
| 1.11 | Tionscadal píolótach braiteoirí cliste a fhorbairt a dhéanann scrúdú ar an fhéidearthacht braiteoirí a úsáid chun gníomhaíochtaí na comhairle a fheabhsú, i.e. clibeanna sócmhainne a chur le baoithe tarrthála. | CCFG | | 2020 - 2023 | Clár píolótach agus mar an chéad chéim de suiteálfar braiteoirí ar bhaoithe tarrthála ionas go mbeifear in ann iad a rianú. |
| 1.12 | Éascú a dhéanamh ar fhorbairt tionscnamh fuinnimh cliste chun úsáid fuinnimh i bhfoirgnimh na Comhairle agus i stoc tithíochta sóisialta a laghdú. | CCFG | SEAI, Baile Átha Cliath Cliste | Fós ar siúl | An méid a n-úsáidtear an fuinneamh i bhfoirgnimh na Comhairle agus i dtithe sóisialta a laghdú. |
| **Cuspóir** | **An cumas chun sonraí a chomhroinnt agus seirbhísí sonraí-bhunaithe a chur chun cinn** | | | | |
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 1.13 | Iniúchadh Sonraí Oscailte a dhéanamh agus airgeadra agus feabhas a chur le caighdeán na dtacar sonraí ar Thairseach Sonraí Oscailte de chuid Dublinked & Fhine Gall araon. | CCFG | Baile Átha Cliath Cliste, Derilinx | Fós ar siúl | Líon na dtacar sonraí oscailte ó Fhine Gall a mhéadú agus an caighdeán atá i gceist a fheabhsú. |
| 1.14 | Promote a culture of Open Data in the Council – Encourage an open by default policy. | CCFG | Baile Átha Cliath Cliste, Derilinx | 2020 | Oiliúint Sonraí Oscailte don fhoireann, chainteanna rannpháirtíochta foirne ar Shonraí Oscailte. |
| 1.15 | Sárthaispeáint a dhéanamh faoi na féidearthachtaí atá i gceist le Sonraí Oscailte do FBManna. | CCFG | Baile Átha Cliath Cliste, Derilinx | 2020 | Hacathón Sonraí Oscailte, Sonraí Oscailte le haghaidh Folláine, comórtais agus imeachtaí Sonraí Oscailte |
| 1.16 | Sonraí a amharcléiriú ar phainéil sonraí poiblí. | CCFG | Baile Átha Cliath Cliste | 2020 - 2023 | Deaiseanna a tháirgeadh le tacair sonraí ar ardchaighdeán a thaispeáint. |

# 06 An Pobal Digiteach




Is í an fhís atá againn don chrann taca seo ná saoránaigh agus pobail a chumhachtú a bheith in ann páirt a ghlacadh i bhforbairt a bpobal agus iad a chur ar a gcumas na pobail sin a chur chun cinn agus tacú leo rochtain a fháil ar scileanna digiteacha, agus ar sheirbhísí digiteacha go mbeifear in ann deiseanna a chur ar fáil do chuile dhuine dá bharr.

Tá an crann taca seo dírithe ar cheithre phríomhchuspóir:

- An ríomh-ionchuimsiú a chur chun cinn agus an comhionannas digiteach agus an rannpháirtíocht dhigiteach a fheabhsú i measc grúpaí mionlaigh
- Tacaíocht a thabhairt don Oideachas agus Oiliúint Dhigiteach chun scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach an tsaoránaigh a mhéadú
- Méadú a chur leis an fheasacht atá ag daoine ar na rioscaí agus na buntáistí a bhíonn i gceist nuair a théann an saoránach ar líne.
- Tacaíocht a chur le forbairt Phobal Cliste chun cur leis an fhorbairt shocheacnamaíoch.

# AN STAID CÚRSAÍ REATHA

**Objective: Promote digital inclusion and improve digital equality and engagement amongst minority groups**

Is éard atá i gceist leis an ríomh-ionchuimsiú ná cinnte a dhéanamh go bhfuil sé de chumas ag gach duine rochtain a fháil ar an idirlíon agus ar theicneolaíochtaí digiteacha agus a bheith in ann iad a úsáid ionas nach mbeidh siad eisiata ná fágtha amach ón tsochaí dhigiteach. Tá dualgas ar an gComhairle a chinntiú nach gcuirtear daoine nach bhfuil rochtain ar líne acu faoi bhuntáiste mar gheall ar sheirbhísí a athrú ó bhonn go digiteach. In 2019, sheol Comhairle Contae Fhine Gall An Straitéis maidir le Rannpháirtíocht Imirceach agus an Comhtháthú, 2019-2024[14] a bhfuil sé mar aidhm aici a chinntiú go gcomhlíonfaimid na riachtanais atá ag daoine éagsúla sa phobal agus go gcuirfear le Fine Gall mar áit ina nglactar leis an luach a bhaineann le gach duine atá ina chónaí ann, a oibríonn ann agus a théann ann ar chuairt. Tá breac-chuntas sa straitéis dhigiteach ar roinnt gníomhartha feasachta agus rannpháirtíochta a bheidh de chabhair chun tacú le pobail agus chun an ríomh-ionchuimsiú a chur chun cinn.

Le Straitéis Aoisbhá Fhine Gall 2018-2023, tugtar aitheantas don ghá atá ann tacú le seanóirí chun an deighilt dhigiteach a dhúnadh. Tá an méadú atá tagtha ar an oiread go bhfuil an tsochaí digiteach ag dul i bhfeidhm ar shaol na seanóirí mar gheall ar oifigí poist a bheith dúnta síos chomh maith le bainc, agus níos mó seirbhísí eile de réir a chéile, gur ar líne a soláthraítear iad. Sa chomhthéacs seo, ní mór a áirithiú go ndéantar ár saoránaigh aosta a éascú agus a thacú ar bhealach lena ndúntar an deighilt dhigiteach atá ann agus lena ndéantar dtugtar urraim dá roghanna féin agus dá riachtanais ag an am céanna. Tá breac-chuntas le fáil sa Straitéis Aoisbhá ar chuspóir lárnach chun cabhrú leis an deighilt sin a dhúnadh.

**Sprioc 17:** *Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann chun tacú le tionscnaimh oiriúnacha a chuireann deiseanna ar fáil do sheanóirí dul i dtaithí leis an TFC agus leis Teicneolaíocht Chliste.*[15]

Bealach amháin a ndearna an Chomhairle iarracht saoránaigh a mhealladh agus a chumhachtú chun páirt a ghlacadh i bhforbairt a ndúiche féin is ea Unheard Voices Challenge [Dúshlán na nDaoine nár Éisteadh Leo]. Bhí sé mar aidhm ag an Dúshlán seo bealaí nuálacha ar chostas íseal a aimsiú chun teacht ar shaoránaigh nach mbíonn i mbun comhairliúcháin phoiblí de ghnáth. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo grúpaí mionlaigh a mhealladh agus a chumhachtú le go mbeidh siad cumasaithe chun ionadaíocht a dhéanamh ar a son féin maidir lena ndúiche áitiúil. Tá dhá réiteach dúshláin á dtriail faoi láthair i gcomhar le páirtithe leasmhara pobail.

In 2019, rinne Comhairle Contae Fhine Gall, in éineacht le dhá údarás áitiúla eile agus Aoisbhá Éireann, clár trialach ar an táibléad ACORN i gcomhar le comhaltaí de chuid Chomhairlí na nDaoine Breacaosta. Tá sé mar aidhm ag tionscadal píolótach ACORN réiteach digiteach a thriail agus chun féachaint an bhfuil sé oiriúnach do dhaoine scothaosta, chun ardán simplithe, saincheaptha a oireann do dhaoine atá síos sean a chur ar fáil ar ríomhaire táibléid ar féidir leis tionchar dearfach a imirt ar shaol an tseanduine, go háirithe dóibhsean atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, i mbailte beaga, nó daoine scothaosta atá in áit fíor-iargualta nó atá leochaileach ar bhealach éigin eile.

Chuaigh Oifig Ealaíon Fhine Gall i mbun oibre i gcomhar le Silicon Synapse, eispéireas réaltachta fíorúla tumthach atá lonnaithe i Leabharlann Carnegie i Sord. Thug an t-ealaíontóir cuireadh do dhaoine taithí a fháil ar thuras closamhairc ina ndéantar an teicneolaíocht a phearsanú agus ina ndéanann sí argóint i gcoinne an dúlra. Rinne Comhairle Ealaíon na hÉireann agus Clár SciArt an Choimisiúin Eorpaigh an tionscadal a chomh-mhaoiniú. Tá an tionscadal seo mar chuid den iarracht atá á déanamh ag an Oifig Ealaíon Sord a chur in iúl sna meáin ealaíon mar ionad beoga don ealaín chomhaimseartha agus do lucht féachana comhaimseartha agus an baile ag ullmhú do thionscnamh carthrún cultúrtha corraitheach. Tugtar deis obair chomhoibritheach a dhéanamh idir ealaíontóirí agus na meáin dhigiteacha le heispéireas dá leithéid ach tairbhe a bhaint as an teicneolaíocht agus na healaíona.

Cuidíonn Leabharlanna Fhine Gall leis an ríomh-ionchuimsiú trí rochtain a chur ar fáil ar an theicneolaíocht le ríomhairí pearsanta, leis an nascacht Idirlín, leis an wifi poiblí saor in aisce agus le gléasanna soghluaiste. Is sampla eile den chaoi a bhfuilimid ag tacú leis an ríomh-ionchuimsiú é an tAitriam Sord ina gcuirtear teicneolaíochtaí digiteacha ar fáil i bhfoirgnimh phoiblí agus cuirtear leis an fheasacht atá ann fúthu. Tá an tAitriam feistithe le limistéir féinseirbhíse atá cumasaithe le sraith de theicneolaíochtaí idirghníomhacha. Cuireann an spás seo an saoránach ar a chumas rochtain a fháil ar sheirbhísí digiteacha na Comhairle agus tá cúnamh ar fáil ann ó Aonad tiomnaithe Cúraim Custaiméirí.

## Cuspóir: Tacaíocht a thabhairt don Oideachas agus Oiliúint Dhigiteach chun scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach an tsaoránaigh a mhéadú

Cuireadh in iúl sna freagraí ar an tsuirbhé faoin tStraitéis Dhigiteach gurb é an t-easpa scileanna digiteacha an dara bac ba mhó atá ar dhaoine chun rochtain a fháil ar an teicneolaíocht dhigiteach. Is príomhfhachtóir iad scileanna digiteacha don fhorbairt shocheacnamaíoch agus infhostaitheacht. Teastaíonn an litearthacht digiteach bunúsach agus scileanna digiteacha bunúsacha, ar a laghad, le bheith in ann do bhealach a aimsiú sa tsochaí dhigiteach atá ann sa lá atá inniu ann.

Tá roinnt eagraíochtaí sa chontae a sholáthraíonn an oiliúint, an t-oideachas agus tacaíochtaí ó ranganna bunús eolais neamhchreidiúnaithe go cúrsaí creidiúnaithe tríú leibhéal. Soláthraíonn Scéim Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ranganna scileanna bunúsacha digiteacha chun cabhrú le daoine a gcéad chéim ar líne a thógáil. Spriocmhargadh na ranganna Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh; daoine 45+, pobail feirmeoireachta, úinéirí gnóthas beag, cuardaitheoirí poist, daoine faoi mhíchumas, agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste. Faoi láthair, tá oiliúint ar Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh á tairiscint i leabharlanna, in ionaid phobail, in ionaid oiliúna agus i mbunscoileanna ar fud na tíre.

Tá ról ríthábhachtach ag Leabharlanna Fhine Gall inár bpobail, is spásanna comhoibríocha pobail iad leabharlanna a thugann rochtain do shaoránaigh ar an fhaisnéis agus a spreagann cultúr na foghlama ar feadh an tsaoil. Coinnítear clár éagsúil imeachtaí, ceardlanna agus ranganna gach bliain chun tacú leis an gcultúr, leis an litearthacht, le scileanna digiteacha, leis an gcruthaitheacht agus an nuálaíocht trí líonra Leabharlann Fhine Gall.

In 2018, fuair Leabharlanna Fhine Gall maoiniú €711k ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí TFC agus digiteacha ar fud a líonra. Leis an infheistíocht seo, cuirfear feabhas leis an mbonneagar TFC, cruthófar spásanna cruinnithe nua leis an teicneolaíocht úrscothach agus soláthrófar seomraí foghlama digití tiomnaithe. Meallfar úsáideoirí nua de gach aois chuig ár leabharlanna poiblí mar gheall ar na háiseanna agus na seirbhísí nua.

In 2019, fuair Leabharlanna Fhine Gall maoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun infheistíocht a dhéanamh i My Open Library (MOL) i Leabharlann Bhaile Dúill. Le seirbhís MOL, cuirfear uaireanta oscailte sínte ar tairiscint, ag soláthar rochtain ar na leabharlanna do na comhaltaí idir 8am agus 10pm, 365 lá sa bhliain.
Tá sé sin ag teacht sa bhreis ar na gnáthuaireanta foirne rialta agus cinntíonn sé an seachadadh is fearr is féidir ón tseirbhís agus tacaíocht do chustaiméirí. Ligeann na huaireanta foirne, in éineacht leis na huaireanta sínte My Open Library, do bhaill na leabharlainne rochtain a fháil ar an leabharlann ag amanna a oireann dóibh, go háirithe iad siúd nach mbeadh in ann rochtain a fháil ar a leabharlann le linn uaireanta foirne rialta.

I measc na seirbhísí a bheidh curtha ar fáil le soláthar na ngníomhaíochtaí féinseirbhíse le linn uaireanta feidhme Mo Leabharlainne Oscailte, áirítear:

- míreanna a fháil ar iasacht agus iad a thabhairt ar ais,
- rochtain ar an idirlíon ar ríomhairí agus ar do ghléas féin leis an Wi-Fi,
- áiseanna priontála, fótachóipeála agus scanta,
- spásanna staidéir agus léitheoireachta,
- áiseanna cruinnithe don phobal

Aithníonn Plean Forbartha Leabharlanna Fhine Gall 2018–2023 tábhacht STEAM (an Eolaíocht, an Teicneolaíocht, an Innealtóireacht, an Ealaíon agus an Mhatamaitic) agus sainaithnítear Leabharlanna mar phríomháiseanna chun a chur ar chumas saoránach rochtain a fháil ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

**Beart 4.4:** *Áirithigh go bhfuil rochtain ag ár saoránaigh ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn trí ghníomhaíochtaí bunaithe ar STEAM (An Eolaíocht, An Teicneolaíocht, An Innealtóireacht, An Ealaíon agus An Mhatamaitic) a thairiscint do dhaoine de chuile aois.*

**Beart 5.2:** *Saoránaigh a chumasú trí spás oiliúna, uathúil, atá saor in aisce, a chur ar fáil dóibh agus deiseanna foghlama a thairiscint dóibh chomh maith.*[16]

Cuirtear béim ar thábhacht scileanna digiteacha don fhás geilleagrach sa phobal sa bhreis air sin i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall 2016–2021. Tugtar aitheantas sa Phlean don bheart straitéiseach chun na deiseanna atá ann poist a chruthú a uasmhéadú laistigh de phobail áitiúla trí uasoiliúint na bpobal i TFC.

**Beart 33:** *Acmhainneacht na ríomhfhoghlama a uasmhéadú, scileanna an phobail sa TFC a uas-sciliú, agus an rochtain ar theicneolaíochtaí a éascú chun daoine a chur ar a gcumas tairbhe a bhaint as an ríomh-Fhoghlaim agus a bheith in ann teacht ar rochtain ar an fhaisneis.*[17]

Seachadann an Oifig Forbartha Pobail clár oiliúna pobail, Bealaí chun na Rannpháirtíochta sna saoráidí pobail. Cuimsítear leis an gclár seo scileanna coiste, an oiliúint i bhforbairt pobail agus ar an tsaoránacht ghníomhach chomh maith le seisiúin ar an mbainistíocht saoráidí, ar chuideachtaí teoranta faoi theorainn ráthaíochta, an bhainistíocht Airgeadais, ceardlanna GDPR agus na Meáin Dhigiteacha.

Soláthraíonn an Oifig Fiontar Áitiúil, Fine Gall raon de ranganna oiliúna scileanna digiteacha éagsúla agus cláir mheantóireachta d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, ó conas saineolas a fháil ar conas Instagram agus Facebook a úsáid i do ghnó go dtí an anailísíocht láithreán, SEO agus tacaíochtaí chun cabhrú le gnóthais chun trádáil ar líne.

## Cuspóir: Méadú a chur leis an fheasacht atá ag daoine ar na rioscaí agus na buntáistí a bhíonn i gceist nuair a théann an saoránach ar líne

Tá sé tábhachtach na tairbhí don tsochaí a bhaineann leis an saol digiteach a chur in iúl agus aird a tharraingt dá bharr ar na rioscaí féideartha agus an rud anaithnid a nochtadh agus a soiléiriú. Tríd an fheasacht a mhúscailt, tá sé mar aidhm againn níos mó agus níos mó daoine de réir a chéile a spreagadh agus a ghríosú chun páirt a ghlacadh agus chun an imní agus an t-amhras atá ann a mhaolú.

Le déanaí, ghlac Leabharlanna Fhine Gall páirt i 'Libraries Lead with Digital'.[18] Tá sé mar aidhm ag an tionscadal comhpháirtíocht a dhéanamh le Google agus leabharlanna poiblí ar fud an RA agus ar fud na hÉireann chun uirlisí inúsáidte a chruthú i réimsí na sábháilteachta ar líne, na scileanna digiteacha agus na ríomheolaíochta agus chun na scileanna sin a bheith curtha ar fáil don phobal i gcoitinne ar bhonn céimithe. Tá an chéim thosaigh den tionscadal seo i bhFine Gall dírithe ar fhorbairt acmhainne foirne ag baint úsáide as trealamh uirlisí códaithe, a sholáthraíonn Google, agus le cúnamh ó chódaitheoirí gairmiúla. Beidh an t-aschur mar threoir "conas" do ghairmithe leabharlainne eile ar fud na hEorpa.

Chun béim a leagan ar na buntáistí a bhaineann leis an saol digiteach, tá Leabharlanna Fhine Gall tar éis sraith imeachtaí agus ceardlann STEAM agus códaithe a chlárú le 12 mhí anuas. Le déanaí, d'oscail Leabharlanna Fhine Gall a ndoirse do Sheachtain Chódála an AE agus d'óstáil siad sceideal imeachtaí ar fud an chontae do dhaoine ar gach aois agus cumas.

Tá an chomhairle réamhghníomhach lena chinntiú go ndéantar oiliúint agus ullmhúchán leordhóthanach ar fhoireann na comhairle ar aon dul leis an reachtaíocht sábháilteachta idirlín agus cosanta sonraí. Seachadann an Rannán TF seisiúin oiliúna agus faisnéise ar an Fheasacht Chibearshlándála. Is í aidhm na hoiliúna ná cabhrú leis an bhfoireann fanacht ar an eolas faoi chibearbhagairtí lena n-áirítear an sceitheadh sonraí, an caillteanas sonraí agus an chalaois. Tá an oiliúint éigeantach do gach uile den de chuid na foirne a úsáideann an teicneolaíocht chun críocha a chuid oibre. Cuirtear oiliúint rialta ar fáil freisin don fhoireann i réimse na cosanta sonraí, lena n-áirítear ceardlanna um Shaoráil Faisnéise agus GDPR.

**Cuspóir: Tacaíocht a chur le forbairt Phobal Cliste chun cur leis an fhorbairt shocheacnamaíoch**

Chun tacú le forbairt na bPobal Cliste tá Comhairle Contae Fhine Gall ag obair go dlúth i gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) agus leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (RCGAC) chun an leathanbhanda a nascadh le gach uile áitreabh sa chontae. I bhFine Gall, sainaithníodh seacht n-ionad Pointe Ceangail Leathanbhanda (BCP) i gcomhar le RFTP. Tá na BCPanna lonnaithe laistigh de Limistéar Idirghabhála Stáit an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP). Tabharfar tosaíocht do na BCPanna chun nasc leathanbhanda ardluais a fháil a luaithe a bheidh an NBP ar bun. Cuideoidh na pointí ceangail seo le tacú le tionscnaimh chliste pobail agus le forbairt shocheacnamaíoch a fheabhsú i gceantar tuaithe Fhine Gall.

# CAD É ATÁIMID AG IARRAIDH A BHAINT AMACH

Sainaithníodh roinnt gníomhartha tosaíochta chun tacú le cuspóirí an phobail dhigitigh i réimsí an chuimsithe dhigitigh, na scileanna digiteacha agus na bpobal cliste.

**Cuspóir: An ríomh-ionchuimsiú a chur chun cinn agus an comhionannas digiteach agus an rannpháirtíocht dhigiteach a fheabhsú i measc grúpaí mionlaigh**

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle cur chuige 'pobail ar dtús' a ghlacadh i leith digiteach, ag dul i dteagmháil le saoránaigh trí mhodhanna digiteacha agus neamhdhigiteacha. Cuirfear an saoránach i gcroílár na dtionscnaimh nuair ata siad á ndearadh, de réir mar atá molta inár bprionsabail straitéise lárnacha. Rachaidh an Chomhairle i dteagmháil go gníomhach le hionadaithe ó ghrúpaí mionlaigh chun eisiamh digiteach agus neamhionannas digiteach a laghdú agus cumhacht a thabhairt do shaoránaigh agus do phobail páirt a ghlacadh i bhforbairt a bpobal.

**Cuspóir: Tacaíocht a thabhairt don Oideachas agus Oiliúint Dhigiteach chun scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach an tsaoránaigh a mhéadú**

Tá Leabharlanna Fhine Gall tiomanta seirbhís nuálach agus saibhir ó thaobh teicneolaíochta a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais ár bpobail inniu agus sa todhchaí. Cuideoidh sraith chruthaitheach teicneolaíochta agus spásanna cruthaitheacha le seirbhísí níos fearr, spásanna idirghníomhacha agus clár imeachtaí agus ceardlann STEAM a sholáthar. Cuirfidh na Leabharlanna rochtain ar oiliúint scileanna digiteacha, ranganna códaithe, ranganna printéirí 3T, ceardlanna róbataic agus go leor eile ar fáil. Tá sé beartaithe ag Leabharlanna Fhine Gall clár um chruthaitheoir cónaithe a fhorbairt agus sraith spásanna déantóirí cruthaitheacha agus veaineanna déantúsóirí soghluaiste a fhorbairt chun an fhoghlaim ar aon dul le STEAM a spreagadh agus Leabharlanna a chur chun cinn mar áiteanna chun teacht ar cileanna digiteacha agus cruthaitheacha.

Déanfaimid teagmháil ghníomhach le pobail chun aird a tharraingt ar scileanna digiteacha agus ar dheiseanna oiliúna litearthachta digití i bhFine Gall.

**Cuspóir: Méadú a chur leis an fheasacht atá ag daoine ar na rioscaí agus na buntáistí a bhíonn i gceist nuair a théann an saoránach ar líne**

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag soláthar na hoiliúna agus na dtacaí riachtanacha maidir leis an ríomhshábháilteacht agus an cosaint sonraí don fhoireann chun cabhrú leo ina gcuid oibre.

Leagtar amach sa Straitéis dhá fheachtas lárnacha feasachta a leagfaidh béim ar na rioscaí, na tairbhí agus na deiseanna do shaoránaigh atá ag dul ar líne. Tabharfaimid faoi fheachtas feasachta cumarsáide ag cur chun cinn na buntáistí a bhaineann le leathanbhanda ardluais agus spreagfaimid saoránaigh chun dul i dteagmháil le seirbhísí na comhairle ar líne. Ardóimid feasacht freisin ar rioscaí sábháilteachta ar líne do shaoránaigh agus cuirfimid béim ar thionscnaimh frith-chibearbhulaíochta de réir an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shábháilteacht Ar Líne.

**Cuspóir: Tacaíocht a chur le forbairt Phobal Cliste chun cur leis an fhorbairt shocheacnamaíoch**

Is tionscnamh de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail é Pobail Chliste le déanaí. Tá clár trialach den tionscnamh á reáchtáil i dTobar an Choire, Co. Shligigh. Is é an cur síos a rinne Seán Canney TD, an tAire Stáit um an Fhorbairt Pobail, Acmhainní Nádúrtha agus an Fhorbairt Dhigiteach, ar thionscnamh an Chomhphobail Chliste ná mar “phobal atá ag obair i gcomhar le chéile mar mheitheal oibre le tacaíocht ón rialtas áitiúil agus láir araon, chun daoine agus an teicneolaíocht a thabhairt le chéile chun na deiseanna atá ann a thapú ar féidir iad a chur ar fáil le seirbhísí leathanbhanda. Cruthaíonn iarrachtaí pobail dírithe agus aontaithe den sórt sin sineirgíocht, a ligeann do thionscadail aonair tógáil ar a chéile agus comhleanúnachas a sholáthar do thacaíochtaí Rialtais agus do dheiseanna maoinithe. D’fhonn forbairt mar phobal cliste, caithfidh gníomhaíochtaí a bheith á dtiomáint ag an bpobal agus ag tacú leo ón tionscal agus ón Rialtas."[19] Tá sé mar aidhm ag Straitéis Dhigiteach Fhine Gall tógáil ar an gcur chuige i leith pobail chliste agus tacú le forbairt tuaithe le Pobal Cliste a thionscnamh. Oibreoimid i gcomhar le páirtithe leasmhara pobail chun meicníochtaí maoinithe a aithint chun rochtain ar theicneolaíocht dhigiteach agus oiliúint scileanna digiteacha a fheabhsú lena gcuirfear ar chumas pobail teagmháil iomlán a dhéanamh leis an tsochaí dhigiteach.



# NA SPRIOCANNA TOSAÍOCHTA GUR FÉIDIR IAD A BHAINT AMACH

| **Crann Taca** | **An Pobal Digiteach** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Fhís** | **Saoránaigh agus pobail a chumhachtú le bheith in ann páirt a ghlacadh i bhforbairt a bpobal agus iad a chur ar a gcumas na pobail sin a chur chun cinn agus tacú leo rochtain a fháil ar scileanna digiteacha, agus ar sheirbhísí digiteacha go mbeifear in ann deiseanna a chur ar fáil do chuile dhuine dá bharr.** | | | | |
| **Cuspóir** | **An ríomh-ionchuimsiú a chur chun cinn agus an comhionannas digiteach agus an rannpháirtíocht dhigiteach a fheabhsú i measc grúpaí mionlaigh** | | | | |
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 2.1 | Tacú le rochtain agus úsáid fheabhsaithe ar Leabharlanna mar Mhol Pobail le rochtain ar theicneolaíocht, ar an idirlíon agus ar acmhainní oideachais. | CCFG | | Fós ar siúl | Líon na ndaoine a úsáideann seirbhísí leabharlainne. My Open Libraries a fhorbairt i bhFine Gall. |
| 2.2 | Unheard Voices Challenge [Dúshlán na nDaoine nár Éisteadh Leo] a fhorbairt chun grúpaí mionlaigh a spreagadh chun dul i mbun na cinnteoireachta i ndáil le ceisteanna a bhaineann leis an gceantar áitiúil. | CCFG | Baile Átha Cliath Cliste, Fiontraíocht Éireann | Fós ar siúl | Líon na ndaoine atá ag dul i mbun an chomhairliúcháin phoiblí ar líne. |
| 2.3 | Suirbhé digiteach a dhéanamh chun anailís a dhéanamh ar an eisiamh digiteach agus ar an neamhionannas digiteach i bhFine Gall. | CCFG | PPN | 2020 | An chomhairliúcháin agus anailís shuirbhé. |
| 2.4 | Leanúint ar aghaidh ag cur le hacmhainní r-seirbhíse ar nós r-leabhair, r-closleabhair, ceol, nuachtáin, irisí agus cúrsaí oiliúna. | CCFG | | Fós ar siúl | Líon na r-earraí ar tugadh amach ar iasacht. Líon na seirbhísí leabharlainne atá ar fáil ar líne. |
| 2.5 | Scanáil ábhar Staidéar Áitiúil agus Cartlainne ar mhaith leis an digitiú agus chun cur leis an inrochtaineacht sa bhreis ar an timpeallacht fhisiciúil. | CCFG | | Fós ar siúl | Cainníocht agus Cáilíocht an ábhair atá digitithe agus inrochtana. |
| 2.6 | Deiseanna nua a fhorbairt d'ealaíontóirí chun a gcuid oibre a dhéanamh trí na meáin dhigiteacha. | FCC | Draiocht | Fós ar siúl | Líon tionscnamh a thacaíonn le bealaí nua chun an ealaín a chur in iúl don phobal trí na meáin dhigiteacha. |
| **Cuspóir** | **Tacaíocht a thabhairt don Oideachas agus Oiliúint Dhigiteach chun scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach an tsaoránaigh a mhéadú** | | | | |
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 2.7 | Increase the availability and promotion of Digital Skills training available in Community Centres and Libraries. | CCFG | Ionaid Phobail, Soláthraithe Oideachais | 2020 - 2023 | Méadú curtha le líon na ranganna scileanna digiteacha. |
| 2.8 | Méadú a chur leis an líon imeachtaí agus ceardlanna de chuid STEAM atá ar fáil sna Leabharlanna. | CCFG | Ionaid Phobail, Soláthraithe Oideachais | 2020 - 2023 | Ionaid Phobail, Soláthraithe Oideachais |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.9 | Clár Cruthaitheora Cónaithe a fhorbairt chun imeachtaí agus ceardlanna STEAM a chur chun cinn agus a choinneáil i bhFine Gall. | CCFG | | 2020 | Cruthaitheoir Cónaithe a bheith ceaptha. |
| 2.10 | Spásanna do Dhéantóirí a fhorbairt i leabharlanna. | CCFG | | 2020 - 2023 | Spásanna Déantóra a fhorbairt na leabharlanna i mBaile Brigín, sna Sceirí, i Sord agus i mBaile Bhlainséir. |
| 2.11 | Scóip a dhéanamh ar fhorbairt Vean Déantóra Soghluaiste chun cur le gníomhaíochtaí cruthaitheacha atá dírithe ar STEAM agus atá á seachadadh faoi láthair ag flít Leabharlann Soghluaiste Leabharlanna Fhine Gall do scoileanna timpeall Fhine Gall. | CCFG | | 2020 - 2023 | Cleachtaí scóipe curtha i gcrích. |
| **Cuspóir** | **Méadú a chur leis an fheasacht atá ag daoine ar na rioscaí agus na buntáistí a bhíonn i gceist nuair a théann an saoránach ar líne** | | | | |
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 2.12 | Téigh i mbun feachtais feasachta lena gcuirfear chun cinn na buntáistí a bhaineann leis an leathanbhanda ardluais agus saoránaigh a spreagadh chun teacht ar sheirbhísí de chuid na comhairle ar líne. | CCFG | PPN | 2020 - 2023 | Feachtas feasachta ar an leathanbhanda. Feachtas um Sheirbhísí ar Líne |
| 2.13 | Feasacht ar rioscaí sábháilteachta ar líne do shaoránaigh agus cibearbhulaíocht a ardú ar aon dul leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um an tSábháilteacht Ar Líne. | CCFG | PPN | 2020 - 2023 | Feachtas feasachta um an ríomhshábháilteacht. Ceardlanna agus imeachtaí maidir leis an tsábháilteacht idirlín curtha ar siúl timpeall ar lá na sábháilteachta idirlín. |
| **Cuspóir** | **Tacaíocht a chur le forbairt Phobal Cliste chun cur leis an fhorbairt shocheacnamaíoch** | | | | |
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 2.14 | Obair i gcomhar le páirtithe leasmhara áitiúla chun tacú le moil nascachta pobail a fhorbairt i bpobail tuaithe. | CCFG | DRCD, PPN | 2020 - 2023 | Béim leagtha ar na meicníochtaí maoinithe atá ar fáil. Spreag BCPanna chun a gcuid seirbhísí a fhorbairt. |
| 2.15 | Tacú le forbairt an Mhol Cumas Cruthaitheach NotsoDifferent. Sa Mhol, tabharfar scileanna agus deiseanna infhostaitheachta do dhaoine a bhfuil éagsúil ó thaobh néareolaíochta chun obair le fostóirí amach anseo. | CCFG | Not So Different | 2020 | Líon na ndaoine a gheobhaidh socrúcháin oibre, oiliúna agus seirbhísí tríd an Mol Cumas Cruthaitheach. |


ONLINE:USER A
08:54:30
VOICE FEED:NETWORK:12.38.73
Profits:
ANALYTICS DASHBOAR
Evolution:
SECURITY
Actual vs Target
Data Availability
KPI Product
01:43:55
ADDRESS:
Market Share
00:38:29
Customers Satisfactio

# 07 An Gnó Digiteach

Is í an fhís a ghabhann leis an gcrann taca seo ná Fine Gall a fhorbairt ionas gurb é an áit is fearr chun gnólacht a thionscain agus a fhás araon. Leanfaimid orainn ag tacú leis an ngeilleagar digiteach trí thacaíochtaí agus áiseanna ríthábhachtacha a chur ar fáil do ghnólachtaí agus d'fhiontraithe.

Tá an crann taca seo dírithe ar cheithre phríomhchuspóir:

- Tacaíocht a thabhairt do na FBManna ionas gur féidir leo leas a bhaint as an ngeilleagar digiteach
- An teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun an Turasóireacht Dhigiteach a chur chun cinn i bhFine Gall.
- Éascú a dhéanamh ar fhorbairt moil dhigiteacha agus spásanna comhoibrithe d'fhiontraithe.
- Forbairt na Cathracha Cliste sa réigiún a thacú agus a ghríosú.

## AN STAID CÚRSAÍ REATHA

Tá raon leathan de chineálacha éagsúla d'fhostóirí lonnaithe i bhFine Gall, idir cinn ar an mórscála, is é sin le rá cuideachtaí ilnáisiúnta móra, agus fiontair dhúchasacha bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus gnólachtaí nuathionscanta, agus tá méadú seasta tagtha faoin líon gnólachtaí atá curtha i mbun sa chontae. I bhFine Gall, tá 98% de na gnólachtaí aicmithe mar FBManna, agus 109,000 duine fostaithe i gcuideachtaí ina bhfuil 10 ball san fhoireann, ar an méid. Tá sé tugtha le fios san Mhonatóireacht ar Gheilleagar & Pobal Fhine Gall gur leis an earnáil TFC a bhaineann breis is 21% den ghníomhaíocht tionsclaíochta a tharlaíonn i bhFine Gall.

**Cuspóir: Tacaíocht a thabhairt do na FBManna ionas gur féidir leo leas a bhaint as an ngeilleagar digiteach**

Tá an Oifig Fiontar Áitiúil (OFA) i bhFine Gall mar chuid de Chomhairle Contae Fhine Gall agus áirítear í mar bhall de líonra náisiúnta de 31 OFAanna. Is ionann an OFA agus siopa céadchuairte don tacaíocht fiontair sa chontae, trína soláthraítear raon seirbhísí tacaíochta gnó atá dírithe ar an fhiontraíocht a chothú, ar an fhás a spreagadh agus ar an fhostaíocht a bhaint amach i ngnótlachtaí nuathionscanta agus i ngnóthais bheaga araon. Tá OFÁ Fhine Gall tar éis a thuairisciú go bhfuil méadú suntasach san éileamh ata ar iarratas ar Dhearbháin Trádála Ar Líne (TOV), ó ghnólachtaí beaga atá ag pleanáil infheistíochta dhéanamh sna hardáin díolacháin ar líne atá acu. Dámhadh deontais TOV ar luach de €132,000 ar 61 gnólacht de chuid Fhine Gall in 2019

Tá an digitiú agus an t-athrú teicneolaíochta sainaitheanta ag an Oifig Fiontar Áitiúil mar dhá cheann de na príomhréimsí ina ndéanfar cláir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm amach anseo, rud a léiríonn cuspóirí Future Jobs Ireland 2019[20]. Tá an tionchar atá ag an digitiú ag athrú ar bhealaí nua nach raibh beartaithe. Beidh OAF Fhine Gall ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí stáit eile chun FBManna a spreagadh le hinfheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua agus beidh sé mar aidhm acu cur leis an gcumas atá ag na FBManna dul i mbun na taighde, na forbartha agus na nuálaíochta.

## Cuspóir: Tairbhe a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach chun an Turasóireacht a chur chun cinn i bhFine Gall

Is earnáil dhúchasach í an turasóireacht atá tábhachtach don gheilleagar áitiúil i bhFhine Gall agus a bhfuil a lán ioncaim agus fostaíochta ag gabháil leis. Caitheann cuairteoirí ar Fhine Gall €500 milliún, agus tá 20,000 post atá cothaithe leis an gcaiteachas sin san iomlán (post amháin as gach ceithre cinn i bhFine Gall) ar fud na n-earnálacha uile ann (an t-iompar, an mhiondíol, an tsiamsaíocht agus seirbhísí eile).

Bíonn an turasóireacht sa chontae ag brath go mór ar:

- cuairteoirí turas lae, go háirithe i ndáil le cuairteanna ar shuímh chósta agus ar láithreáin oidhreachta;
- cuairteanna thar oíche, dírithe ar an cheantar timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath den chuid is mó.

Tá sé ar chuspóir lárnach de chuid Straitéis Turasóireachta Fhine Gall ná eispéireas an chuairteora a bharrfheabhsú agus a leathnú. Oibríonn Comhairle Contae Fhine Gall go dlúth le Fáilte Ireland chun na críche seo.

## Cuspóir: Forbairt na cathracha cliste a thacú agus a ghríosú sa réigiún

In 2016, cuireadh Baile Átha Cliath Cliste[21] i mbun, tionscnamh a bhfuil na ceithre Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath páirteach ann, chun teagmháil a dhéanamh le soláthraithe na teicneolaíochta cliste, le taighdeoirí agus le saoránaigh chun fadhbanna a réiteach agus chun saol an duine a fheabhsú sna ceantair timpeall ar an gcathair. Is é an aidhm is príomhúla atá ag Baile Átha Cliath Cliste ná Baile Átha Cliath a chur chun tosaigh i bhforbairt réitigh uirbeacha nua, trí tairbhe a bhaint as sonraí oscailte, agus réigiún na cathrach mar ionad tástála. Tá an tsoghluaisteacht, an comhshaol, an fuinneamh, an dhramhaíl agus an bhainistíocht éigeandála aitheanta ag Baile Átha Cliath Cliste mar dhúshláin tosaíochta. Mar bhall bunaitheach den tionscnamh Baile Átha Cliath Cliste, in 2016, rinne Comhairle Contae Fhine Gall iarracht ghníomhach tairbhe a bhaint as an iliomad deiseanna atá ann chun an claochlú digiteach inmheánach a chur i gcrích agus an bheogacht eacnamaíoch a spreagadh sa réigiún mar gheall ar ghluaiseacht dhomhanda na gCathracha Cliste.

Go dtí seo, tá an Fhoireann um Baile Átha Cliath Cliste de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall tar éis an ceannaireacht a ghlacadh i roinnt mhaith tionscadal um an gCathair Chliste ar cuireadh ar siúl, agus ina measc siúd trí Dhúshlán SBIR (Taighde Nuálaíochta do Ghnóthais Bheaga) i gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann - an Dumpáil Neamhdhleathach, an Treochomharaíocht agus Unheard Voices [Daoine nár Éisteadh Leo].[22] Tá baint ag an gclár SBIR le saineolas na gCathracha Cliste a dhaingniú laistigh den údarás áitiúil, agus ag an am céanna ag tacú le gnólachtaí beaga nuálacha réitigh chliste a fhorbairt agus a thriail i gcomhthéacs an údaráis áitiúil.

# CAD É ATÁIMID AG IARRAIDH A BHAINT AMACH

## Cuspóir: Tacaíocht a thabhairt do na FBManna ionas gur féidir leo leas a bhaint as an ngeilleagar digiteach

Tá sé mar aidhm againn agus an Straitéis Dhigiteach a fhorbairt d'Fhine Gall tacaíocht a thabhairt do na FBManna chun a ngnólachtaí digiteacha a fhás, deiseanna fostaíochta a chur ar fáil ar fud Fhine Gall agus Fine Gall a chur chun cinn mar an áit is fearr chun le gnó a fhás. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis seo deiseanna digiteacha, oiliúint scileanna digiteacha agus sruthanna maoinithe tiomnaithe a chur chun cinn chun tacú le gnóthais áitiúla luach saothair an gheilleagair dhigitigh a bhaint amach.

Féachfaimid freisin le forbairt na comharthaíochta digití ar an tSráid Ard agus ag láithreáin tarraingteach do thurasóirí a éascú chun bealaí a nascadh, agus chun an nuacht, imeachtaí agus gnólachtaí áitiúla a chur chun cinn.

## Cuspóir: Tairbhe a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach chun an Turasóireacht a chur chun cinn i bhFine Gall

Féachfaidh an straitéis le teicneolaíocht dhigiteach a fhorbairt chun tacú leis an turasóireacht i bhFine Gall agus chun í a fheabhsú. Is féidir le teicneolaíochtaí digiteacha eispéireas an chuairteora a fheabhsú agus is féidir leo an inrochtaineacht a fheabhsú do dhaoine nach n-úsáideann an Béarla mar a chéad teanga, do dhaoine a bhfuil lagú éisteachta nó radhairc orthu agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

Trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha oiriúnacha chun feabhas a chur ar an turasóireacht in Fhine Gall, samhlaítear gur féidir tuilleadh deiseanna eacnamaíocha a sholáthar d'earnáil na turasóireachta. Tá an dul chun cinn teicneolaíochta atá bainte amach sa réaltacht fhíorúil (VR) agus sa réaltacht mhéadaithe (AR) ag cur tarraingtí ar fáil do thurasóirí i meáin nua d'eispéiris agus ba cheart iad a úsáid in earnáil na turasóireachta nuair atá sé oiriúnach. Is féidir rochtain fheabhsaithe ag cuairteoirí ar na teicneolaíochtaí seo a bhaint amach trí Wi-Fi saor in aisce don phobal a sholáthar.

Oibreoidh Comhairle Contae Fhine Gall i gcomhar le Fáilte Éireann ar a Straitéis Treoshuímh do Réigiún Bhaile Átha Cliath chun réitigh dhigiteacha nuálacha inrochtana a fhorbairt a chomhtháthaíonn gach treoshuíomh agus faisnéis do chuairteoirí agus atá ar fáil ar fud gach pointe tadhaill do chuairteoirí.

## Cuspóir: Forbairt moil dhigiteacha agus spásanna comhoibrithe d'fhiontraithe a éascú

Tá os cionn 28,000 oibrí i bhFine Gall atá ag comaitéireacht chun obair i gCathair Bhaile Átha Cliath.[23] Tá sé tugtha le fios san anailís sonraí chomh maith go bhfuil tromlach ann chomh maith de shaoránaigh Fhine Gall a dtéann lasmuigh den chontae chun oibre. Agus an geilleagar ag téarnamh, tá níos mó de mhuintir an chontae fostaithe agus ag taisteal chun oibre, rud a fhágann go bhfuil plódú tráchta ann agus go mbíonn sealanna fada comaitéireachta acu agus go bhfuil an chóiríocht inacmhainne níos faide amach ar imeall Bhaile Átha Cliath de réir a chéile. Cuireann sé seo le brú tráchta agus le saincheisteanna comaitéireachta agus ar an gcaoi sin déanann sé dochar do tharraingteacht na hÉireann d'infheistíocht eachtrach.

Sa Suirbhé ar an Straitéis Dhigiteach, d'fhiafraíomar de na tacaíochtaí nó na seirbhísí ar mhaith le lucht gnó agus cónaitheoirí a fheiceáil á bhforbairt i bhFine Gall. Bhí 8.5% de na freagróirí ag iarraidh Moil Dhigiteacha agus spásanna comhoibrithe a fhorbairt sa réigiún.

Féachfaidh an Straitéis seo le forbairt spásanna comhoibrithe solúbtha agus moil dhigiteacha a éascú lena dtabharfar tacaíochtaí ríthábhachtacha d'fhiontraithe agus lena dtacófar leis an ngeilleagar áitiúil trí níos mó oibrithe a chur ar a gcumas oibriú agus maireachtáil ina bpobail áitiúla féin.

**Cuspóir: Forbairt na cathracha cliste a thacú agus a ghríosú sa réigiún**

Beidh sé mar aidhm againn i bhFine Gall chomh maith Ceantar Cliste Bhaile Átha Cliath a fhorbairt sa chontae agus beidh sé sin ag teacht le fhorbairt spásanna comhoibrithe agus moll digiteacha ar aon. Ag cur leis an jab iontach atá déanta againn sa ról ceannaireachta atá ag Fine Gall i gclár Bhaile Átha Cliath Chliste go dtí seo, déanfaimid scrúdú ar na roghanna atá ann chun Ceantar Cliste a fhorbairt a mbeidh sé de chuspóir athrú ó bhonn a chur ar an gcaoi a dtabharfaimid aghaidh ar na príomhdhúshláin uirbeacha agus tuaithe atá ann lenár linne, an inbhuanaitheacht chomhshaoil, mar shampla, an nascacht, agus todhchaí na soghluaisteachta.

Is é luach uathúil Cheantar Bhaile Átha Cliath Cliste Fhine Gall ná gurb é Samhail Nuálaíochta Oscailte an Héilics-Ceathrúil atá curtha i bhfeidhm ann[24] (OI 2.0). Beidh Ceantar Cliste Bhaile Átha Cliath ag feidhmiú mar idirghabhálaí neamhspleách idir na comhpháirtithe, ag tabhairt le chéile ionadaithe ón earnáil phoiblí, ón earnáil tionsclaíochta, ó lucht acadúil agus ón tsochaí shibhialta, agus ag an am céanna éascóidh sé an tástáil réitigh i timpeallachtaí beo i bhFhine Gall, idir timpeallachtaí uirbeacha agus timpeallachtaí tuaithe. Tá sé ar phríomhthosaíocht de bheartas Mhargaidh Aonair Dhigitigh an Choimisiúin Eorpaigh OI 2.0 a chur i bhfeidhm, agus ligfidh sé sin dearcaí ildisciplíneacha oibriú i gcomhar le chéile mar aon chun réitigh Cathracha Cliste a chomhchruthú.

Mar chuid d'éiceachóras leathan atá i gceist le Baile Átha Cliath Cliste, bainfidh an ceantar leas as an saineolas agus an caidreamh atá carntha i bpobal Réigiún na Cathrach Cliste ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear an rochtain ar phobail taighde agus tacaíocht phraiticiúil ó oifig réigiúnach Bhaile Átha Cliath Cliste.   Beidh an ceantar in ann rochtain a fháil ar an saineolas agus ar an eolas trí le dul i mbun teagmhála le Fóram Cathracha Cliste Uile-Éireann. [25]

Taispeánfaidh an Dúiche na teicneolaíochtaí Cliste is déanaí, mar shampla ardáin sonraí oscailte, an intleacht shaorga, an réaltacht bhreisithe, an mheaisínfhoghlaim agus Idirlíon na nEarraí.  Tabharfaidh Ceantar Cliste Bhaile Átha Cliath tacaíocht bhreise le Dúshláin SBIR amach anseo agus cothóidh sé gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna chun táirgí a thabhairt don mhargadh.

# NA SPRIOCANNA TOSAÍOCHTA GUR FÉIDIR IAD A BHAINT AMACH

| Crann Taca | An Gnó Digiteach | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Fhís** | **Ár ndícheall a dhéanamh chun Fine Gall a fhorbairt ionas gurb é an áit is fearr chun gnólacht a bheith agat, ó thaobh tionscnaimh agus fáis de araon.** | | | | |
| **Cuspóir** | **Tacaíocht a thabhairt do na FBManna ionas gur féidir leo leas a bhaint as an ngeilleagar digiteach** | | | | |
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 3.1 | Tacú le FBManna chun cur lena láithreacht trádála ar líne leis an Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne (TOVS). | CCFG | OFA | Fós ar siúl | Méadú ar an líon TOVS atá ann. |
| 3.2 | Éascú a dhéanamh ar fhorbairt na Comharthaíochta Digití ar an tsráid mhór agus ag na láithreáin do thurasóirí chun nuacht agus imeachtaí a thaispeáint agus chun gnólachtaí áitiúla a chur chun cinn. | CCFG | | 2022 | An clár trialach um an troscán sráide Cliste a shíneadh amach. |
| 3.3 | Clinicí Margaíochta Digití, na meáin shóisialta agus oiliúint scileanna digiteacha a sholáthar do FBManna. | CCFG | PPN | Fós ar siúl | An méid oiliúna scileanna a chuirtear ar fáil do FBManna méadaithe. |
| 3.4 | Tionscnamh a fhorbairt agus a rolladh amach atá dírithe ar FBManna a spreagadh agus a chumasú chun a bheith níos iomaíche agus níos táirgiúla trí nuálaíocht agus teicneolaíochtaí nua a ghlacadh. | CCFG | OFA | 2022 | An nuálaíocht agus úsáid teicneolaíochta i FBManna a mhéadú. |
| **Cuspóir** | **Tairbhe a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach chun an Turasóireacht a chur chun cinn i bhFine Gall** | | | | |
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 3.5 | Teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid c hun an turasóireacht i bhFine Gall a fheabhsú. | CCFG/ Fáilte Éireann | Oibreoirí Láithreán Oidhreachta CCFG | | Roinnt aipeanna, treoracha fuaime, eispéiris VR / AR ar fáil ag cinn scríbe turasóireachta. |
| **Cuspóir** | **Forbairt moil dhigiteacha agus spásanna comhoibrithe d'fhiontraithe a éascú** | | | | |
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 3.6 | Forbairt moil dhigiteacha agus spásanna comhoibrithe i bhFine Gall a éascú. | CCFG | | 2020 - 2023 | Líon na ndeasc comhoibrithe, na bpost indíreach agus díreach a cruthaíodh.<br>Inbhuanaitheacht spásanna mol/ comhoibrithe digití. |

| Cuspóir | Tacaíocht agus údar spreagadh a thabhairt don fhorbairt chathracha cliste | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 3.7 | Éascú a dhéanamh ar fhorbairt Cheantar Bhaile Átha Cliath Chliste i bhFine Gall. | CCFG | Baile Átha Cliath Cliste | 2020 - 2023 | Ceantar Bhaile Átha Cliath Chliste a fhorbairt i bhFine Gall. |
| 3.8 | Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le Baile Átha Cliath Cliste chun tionscadail Cathrach Cliste a chur ar fáil chun dúshláin a réiteach i bhFine Gall agus i réigiún Bhaile Átha Cliath i gcoitinne. | CCFG | Baile Átha Cliath Cliste | 2020 - 2023 | Páirt glactha i nDúshláin SBIR agus i dTaighde agus Tionscadail de chuid na gCathracha Cliste. |



# 08 An Rialtas Digiteach




Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta don nuálaíocht a spreagadh sna seirbhísí poiblí agus bímid gcónaí ag iarraidh na seirbhísí a sholáthraímid don phobal a fheabhsú agus a fhorbairt. Is í an fhís a ghabhann leis an gcrann taca seo ná príomhsheirbhísí poiblí a athrú ó bhonn, agus béim curtha san athrú sin ar éifeachtúlachtaí agus an inrochtaineacht do chách a chur ar aghaidh chomh maith le seirbhísí digiteacha poiblí a dhearadh atá uilechuimsitheach ar bhonn uathoibríoch.

Tá an crann taca seo dírithe ar thrí phríomhchuspóir:

- Seirbhís den scoth a chur ar fáil don chustaiméir.
- An rochtain atá ar seirbhísí ar líne atá so-úsáidte, inrochtana a mhéadú
- Cultúr den feabhsúchán leanúnach, agus den trédhearcacht, den nuálaíocht agus den inbhuanaitheacht a chur chun cinn.

# AN STAID CÚRSAÍ REATHA

Le blianta fada anuas, tá Fine Gall ag tús cadhnaíochta i ndáil le cúrsaí digiteacha a chur chun cinn, go háirithe uirlisí digiteach a fheabhsaíonn caighdeán beatha an tsaoránaigh. Tá Fine Gall spriocdhírithe ar sheirbhísí nuálacha, atá costéifeachtach agus dírithe ar shaoránaigh a sholáthar, agus tá sé sin le brath san fhíoras gur glacadh leis na sonraí oscailte agus le seirbhísí sonraí-tiomáinte go luath, sa tslí a bhfuiltear tar éis na seirbhísí atá os comhair na gcustaiméirí athdheartha, agus sa chur chuige nuálach i leith an chomhairliúcháin phoiblí agus cruinnithe de chuid na Comhairle.

## Cuspóir: Seirbhís den scoth a chur ar fáil don chustaiméir

Is ról bunúsach de chuid an Údaráis Áitiúil seirbhís do chustaiméirí a sholáthar. Is dea-shampla é an tAetriam i Halla an Chontae, i Sord, ar an gcaoi a bhfuiltear ar baint úsáide as an teicneolaíocht i bhFine Gall chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú; sa chomhthéacs sin is féidir le custaiméirí teacht go héasca ar acmhainní agus seirbhísí. Tá an tAitriam feistithe le limistéir féinseirbhíse atá cumasaithe le sraith de theicneolaíochtaí idirghníomhacha agus tá Crios Tiomnaithe don tSeirbhís do Chustaiméirí ann chomh maith. Soláthraíonn an spás déchuspóir don phobal, le spás imeachta ilfheidhmeach nua a fhreastalaíonn ar imeachtaí cathartha, pobail agus gnó.

## Cuspóir: An rochtain atá ar seirbhísí ar líne atá so-úsáidte, inrochtana a mhéadú

I measc na nuálaíochtaí digiteacha eile atá curtha chun tosaigh ag an gComhairle tá tairseach comhairliúcháin a fhorbairt, cruinnithe Comhairle um sruthú beo agus athdhearadh a dhéanamh ar Láithreán Gréasáin Fhine Gall le déanaí chun seirbhísí soghluaiste idirghníomhacha tarraingteacha a sholáthar do shaoránaigh agus do chuairteoirí Fhine Gall. Rinneadh Fingal.ie a athchóiriú agus a dhearadh go hiomlán chun eispéireas idirghníomhach a thabhairt do shaoránaigh. Tá an suíomh gréasáin ceannródaíoch nua, a bhfuil béim láidir curtha ann ar nascleanúint éasca, ar íomhánna iontacha agus ar ábhar ábhartha, dírithe ar cheithre chrann taca lárnacha, ar a dtugtar an Chomhairle, an Cónaitheoir, an Gnó agus an Cuairteoir, agus ar chrainn taca thánaisteacha lena gcuimsítear Nuacht agus Imeachtaí. Is ionann crann taca na Comhairle agus leagan nua de shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gallagus tá na trí chrann taca eile dírithe ar lucht ar leith faoi seach chun cur leis an fheasacht ata ag an lucht sin faoina bhfuil á thairiscint ag Comhairle Contae Fhine Gall.

## Cuspóir: Cultúr den feabhsúchán leanúnach, agus den trédhearcacht, den nuálaíocht agus den inbhuanaitheacht a chur chun cinn

Tá an Chomhairle taobh thiar den ghluaiseacht chun glacadh le cultúr na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na nuálaíochta. Tá sé seo le brath i mbearta éagsúla, agus ina measc forbairt an chéad ardáin sonraí oscailte in Éirinn, data.fingal.ie, agus nuálaíochtaí a éascú trí Thaighde Nuálaíochta do Ghnóthais Bheaga (SBIR) in Éirinn. Is é SBIR an tionscnamh náisiúnta um sholáthar réamhthráchtála nuálaíochta arna riar ag Fiontraíocht Éireann. Is é an aidhm atá leis ná an nuálaíocht a chur chun cinn ar fud na hEarnála Poiblí ar fad in Éirinn, tríd an rannpháirtíocht láidir a ghlacadh i gcomhar le cuideachtaí agus eagraíochtaí atá saibhir ó thaobh teicneolaíochta de, trí dhúshláin iomaíocha a chur ar fáil.

In 2018, mar chuid de chlár forbartha foirne 'Engage', dhírigh an Chomhairle ar théama an athraithe aeráide. Mar gheall ar an aiseolas a bhfuarthas ón bhfoireann, rinne an Chomhairle réidh de na cupáin aon uaire go léir ónár gcuid ionad oibre, agus cuireadh KeepCup ar fáil do gach uile dhuine den 1,400 bhall foirne atá againn. Mar gheall air sin, cuirfear deireadh leis na 53,000 cupán aon uaire a dtéann ón gComhairle go dtí an líonadh talún in aghaidh na bliana. In 2019, mar chuid den Phlean Gníomhaíochta um an Athrú Aeráide, reáchtáil an Chomhairle sraith de cheardlanna agus imeachtaí chun tuairim an phobail a mheas agus chun aird a tharraingt ar bhealaí éagsúla inar féidir linn an inbhuanaitheacht a ionchorprú sa saol laethúil. Tá béim curtha sa Phlean Gníomhaíochta um an Athrú Aeráide d'Fhine Gall ar roinnt cuspóirí chun cur leis an inbhuanaitheacht agus leis an soláthar glasú, mar shampla cosc a chur ar úsáid earraí phlaisteacha aon úsáide in Oifigí na Comhairle agus tionscnaimh ghlasa a chur i bhfeidhm ag imeachtaí na Comhairle.

In 2019, rangaíodh Comhairle Contae Fhine Gall sa chéad áit in Innéacs Ionracas Náisiúnta Údaráis Áitiúla na hÉireann de chuid Transparency International (roinneamar an chéad áit).

# WHAT WE AIM TO ACHIEVE

**Cuspóir: Seirbhís den scoth a chur ar fáil don chustaiméir**

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle príomhsheirbhísí poiblí a athrú ó bhonn le bheith digiteach, ag díriú ar éifeachtúlachtaí a thiomáint ar fud na heagraíochta agus eispéireas an chustaiméara don saoránach a fheabhsú. Táimid chun leanúint le seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar san ionad teagmhála do Chustaiméirí, agus eispéireas a sholáthar do chustaiméirí ar líne agus as líne araon a thagann le chéile go deas agus nach mbraithfear an difríocht eatarthu. Bainfimid úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun dearadh seirbhísí a chumasú a fhreastalaíonn ar riachtanais saoránach agus gnóthas, atá níos éasca do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a úsáid, agus atá níos costéifeachtaí don Chomhairle a sholáthar. Cuimseoidh athdhearadh shuíomh Gréasáin na Comhairle úsáid físeáin agus íomhánna oideachasúla chun seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana don phobal.

**Cuspóir: An rochtain atá ar seirbhísí ar líne atá so-úsáidte, inrochtana a mhéadú**

Tá claochlú digiteach inmheánach bunúsach chun seirbhísí níos fearr a sholáthar, éifeachtúlachtaí a thiomáint, agus torthaí níos fearr dá bharr. Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag tabhairt faoi chlár claochlaithe digití san ionad oibre faoi láthair, ina bhfuiltear ag scrúdú an chaoi a mbímid ag obair, an tslí a ndéanaimid an chumarsáid agus a ndéanaimid seirbhísí a sholáthar don phobal. Féachfaidh an clár seo ní amháin le seirbhísí níos fearr a sholáthar don phobal, cuirfidh sé feabhas freisin ar eispéireas an fhostaí, meallfaidh sé tallann don eagraíocht agus cruthóidh sé fórsa saothair níos aclaí. Cuirfidh an clár seo athrú mór claochlaithe i bhfeidhm ar na daoine, na próisis agus na sócmhainní laistigh den eagraíocht, agus na seirbhísí a sholáthraímid do Chomhaltaí Tofa agus do dhaonra níos leithne Fhine Gall. Tá an dúil chun teacht chun staid dheiridh mar bhonn léi, staid ina mbeidh an acmhainneacht agus na deiseanna go léir uasmhéadaithe trí mheascán de theicneolaíochtaí digiteacha chun modhanna ardchaighdeáin oibre, comhoibrithe agus cumarsáide atá slán, comhsheasmhach agus inbhuanaithe a chumasú gur féidir iad a dhéanamh ó aon ghléas ar bith, ó aon áit ar bith agus ag aon am ar bith.



Cuimsíonn an clár um chlaochlú digiteach iliomad sruthanna oibre thar thréimhse cúig bliana agus cuirfidh sé le hathrú cultúrtha ar leibhéal níos leithne. I measc na mórchlár claochlaithe tá:

- An t-aistriú go Office 365 agus go néalteicneolaíochtaí chun an t-oibriú agus an comhoibriú soghluaiste solúbtha a éascú ar fud na heagraíochta.
- Ionad teagmhála custaiméirí agus córas teileafónaíochta fiontar den scoth a chur i bhfeidhm, ag cinntiú gur féidir le cónaitheoirí teagmháil a dhéanamh go hiontaofa agus go comhsheasmhach ón gcomhairle.
- Clár éigeantach foghlama agus forbartha a dhearadh agus a reáchtáil agus deiseanna foghlama leanúnacha a sholáthar don fhoireann uile chun a muinín dhigiteach a mhéadú, dea-chleachtais chibearshlándála a chur ar bun, litearthacht sonraí, feasacht agus maoirseacht a fheabhsú, agus cultúr digiteach a leabú lena n-áirítear modhanna lúfar agus oibriú go hoscailte.

Úsáidfidh an Chomhairle teicneolaíochtaí digiteacha freisin chun seachadadh seirbhísí os comhair an phobail a chumasú agus a athrú. Déanfaimid iarracht a bheith nuálach agus na seirbhísí á ndearadh againn, seo bunaithe ar riachtanais na saoránach agus na ngnólachtaí, agus úsáidfimid teicneolaíochtaí digiteacha chun an claochlú seirbhíse ó dheireadh go deireadh a chumasú.

**Cuspóir: Cultúr den feabhsúchán leanúnach, agus den trédhearcacht, den nuálaíocht agus den inbhuanaitheacht a chur chun cinn**

Chun cultúr feabhsúcháin, trédhearcachta, nuálaíochta agus inbhuanaitheachta leanúnaí a chur chun cinn, rachaimid i dteagmháil leis an bhfoireann trí shraith imeachtaí, feachtais, ceardlann agus seisiún oiliúna. Leanfaimid orainn ag tiomáint cleachtais nuálacha trí shonraí oscailte a fhoilsiú agus trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chontae trí SBIR agus trí sholáthar nuálach.

Cuirfimid an nuálaíocht san ionad oibre chun cinn le sraith imeachtaí agus ceardlanna eiseamláir le linn Sheachtain Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí, agus béim curtha ann ar thábhacht na nuálaíochta inár n-ionad oibre.

# NA SPRIOCANNA TOSAÍOCHTA GUR FÉIDIR IAD A BHAINT AMACH

| Crann Taca | An Gnó Digiteach | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| An Fhís | Ár ndícheall a dhéanamh chun Fine Gall a fhorbairt ionas gurb é an áit is fearr chun gnólacht a bheith agat, ó thaobh tionscnaimh agus fáis de araon. | | | | |
| Cuspóir | Tacaíocht a thabhairt do na FBManna ionas gur féidir leo leas a bhaint as an ngeilleagar digiteach. | | | | |
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 4.1 | Leanúint le seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar san ionad teagmhála do Chustaiméirí. | CCFG | | Fós ar siúl | Caighdeán na seirbhíse do chustaiméirí a thomhas agus sástacht na gcustaiméirí a thomhas. |
| 4.2 | Le hathdhearadh láithreán gréasáin Fhine Gall déanfar sárthaispeántas ar na seirbhísí agus taitneamhachtaí i bhFine Gall trí shuíomh gréasáin nua a lainseáil a bheidh dírithe ar cheithre chrann taca bhunúsacha: An Chomhairle, an Cuairteoir, an Cónaitheoir agus an Gnó, agus dhá chrann taca tánaisteacha: Nuacht agus Imeachtaí. | CCFG | | Fós ar siúl | Inrochtaineacht fheabhsaithe ar sheirbhísí ar líne. |
| 4.3 | Réitigh cumarsáide nuálacha a fhorbairt chun saoránaigh a bhaint amach agus seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar. | CCFG | | 2020 | Feabhas a bheith curtha leis an idirchumarsáid cumarsáide atá curtha ar fáil taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre agus bota comhrá curtha ar fáil ar an láithreán gréasáin.<br><br>Rochtain a bheith curtha ar fáil ar Live Chat [an Comhrá Beo] le baill de chuid na Fhoirne um Sheirbhísí do Chustaiméirí le linn na n-uaireanta oscailte. |
| 4.4 | Aonad Cúraim Chustaiméirí a fhorbairt ag Oifigí Cathartha Bhaile Bhlainséir, atá feistithe le sraith de theicneolaíochtaí digiteacha atá idirghníomhacha agus so-úsáidte chun cabhrú leis an saoránach rochtain a fháil ar sheirbhísí na Comhairle. | CCFG | | 2020 - 2023 | Aonad Cúraim Custaiméirí a bheith curtha i mbun i mBaile Bhlainséir. |

| Cuspóir | An rochtain atá ar seirbhísí ar líne atá so-úsáidte, inrochtana a mhéadú | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 4.5 | Aipeanna nuálacha a fhorbairt chun próisis na sreafaí oibre a fheabhsú. | CCFG | | Fós ar siúl | Aipeanna bunathraitheacha a sholáthar lena gcuirfear feabhas le próisis oibre i.e. Aip iniúchta aonad réad-mhaoine cíosa príobháideacha, aip iniúchta clós súgartha. |
| 4.6 | Seirbhísí poiblí straitéiseacha a dhigitiú agus a sheachadadh ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear iad a chur ar fáil go pearsanta ar an ionad, ar an bhfón, agus ar líne ar an láithreán gréasáin Fingal.ie. | CCFG | | Fós ar siúl | Digitiú na seirbhísí poiblí straitéiseacha a éascú lena n-áirítear tairseach ríomhphleanála a fhorbairt. |
| **Cuspóir** | **Cultúr den feabhsúchán leanúnach agus den trédhearcacht, den nuálaíocht agus den inbhuanaitheacht a chur chun cinn** | | | | |
| **Beart** | **Cur Síos** | **Comhpháirtí Ceannasach** | **Rannpháirtithe** | **Stádas** | **ETF** |
| 4.7 | An nuálaíocht a chur ar aghaidh trí shraith d'imeachtaí agus ceardlanna a chur ar siúl le linn seachtain nuálaíochta na seirbhíse poiblí. | CCFG | | 2020 - 2023 | Roinnt imeachtaí curtha ar fail dírithe ar an nuálaíocht san ionad oibre. |
| 4.8 | Clár foghlama agus forbartha a chur ar fáil lena gcuirfear an fhoireann ar a gcumas a bheith níos solúbtha agus na scileanna digiteacha atá acu a fheabhsú. | CCFG | | 2020 - 2023 | Ceardlanna FGL a bheith curtha ar fáil i réimsí an TF, na Cibearslándála agus an claochlaithe dhigitigh. |
| 4.9 | Tacaigh le feidhmiú an tsoláthair nuálaigh leis an SBIR chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chontae. | CCFG | | 2020 - 2023 | Dúshláin chontae a aithint agus dul i ngleic le modhanna soláthair. |



# 09 An Taighde agus an Anailís



Tá athrú ag teacht ar an mbealach ina mbímid ag maireachtáil, ag obair agus ag déanamh na hidirchumarsáide sa lá atá inniu ann mar gheall ar an idirlíon agus ar theicneolaíochtaí digiteacha. Ré nua atá ann anois ar a dtugtar an aois dhigiteach nó aois na faisnéise. Tá faisnéis inrochtana agus is féidir teacht uirthi go héasca anois agus trí theicneolaíochtaí digiteacha, agus tagraítear do na daoine a rugadh sa ré seo mar dúchasaigh dhigiteacha - duine a d'úsáid an t-idirlíon agus fóin phóca ón am gur leanbh é.[26] Tá teicneolaíochtaí ag síorathrú agus ag síorfhorbairt. Is féidir linn é sin a fheiceáil le blianta beaga anuas ar bhonn ar leith sa dul chun cinn atá déanta i ndáil le hidirlíon na n-earraí (IOT), an intleacht shaorga (AI) agus an mheaisínfhoghlaim - mar shampla gluaisteáin leictreacha, feithiclí gan tiománaí, íocaíochtaí gan tadhall, fearais tí cliste. Mar thoradh air sin, tá roghanna na dtomhaltóirí athraithe - tá daoine ag iarraidh rochtain a fháil ar níos mó seirbhísí ar líne agus ag am agus áit atá oiriúnach dóibh.

Táimid ag úsáid seirbhísí ar líne le haghaidh na siopadóireachta, na baincéireachta, chun billí a íoc, chun teacht ar fhaisnéis agus chun críche na siamsaíochta mar is gnách go mbíonn siad níos áisiúla agus níos saoire le húsáid. Fuair taighde a rinne Ipsos MORI thar ceann Deloitte go bhfuil rochtain ag trí mhilliún duine in Éirinn, arb ionann é agus 90% den daonra, ar fhón cliste anois - níos airde ná an meán Eorpach. Léirigh an suirbhé gur fhás úsáid fón póca i measc daoine scothaosta 6% go 54% ó 2016 go 2017, agus ocht gcinn as gach deichniúr acu sin ag iompar fón cliste. Fuarthas amach ann freisin go bhfuil rochtain ag 83% de mhuintir na hÉireann ar aon ghaireas IoT amháin, ar a laghad, i gcoinne an meán Eorpach de 73%.[27]

Mar thoradh ar an dul chun cinn teicneolaíochta sa tsochaí ní mór do Rialtas Áitiúil éabhlóidiú agus oiriúnú chun a chinntiú go bhfreastalaítear go maith ar ár saoránaigh, ár ngnó agus ár bpobail.

Tá sé ag éirí níos follasaí bliain i ndiaidh bliana cé chomh tábhachtach atá an idirlíon don gheilleagar. In 2016, choimisiúnaigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil Indecon Economic Consultants chun Measúnú a dhéanamh ar thionchar maicreacnamaíoch an idirlín agus na digiteacha ar gheilleagar na hÉireann.

Fuarthas, sa tuarascáil seo:

- Is ionann an geilleagar digiteach agus **6% (€ 12.3bn) den OTI in Éirinn.**
- Tá sé fás tapa faoi, thart ar **40%** ó 2012 i leith.
- Meastar go mbeidh an geilleagar digiteach ag leathnú amach go dtí gur ionann é agus thart ar €21.4 billiún nó **7.9% den OTI faoi 2020.**
- Faoi láthair, táthar ag tacú le beagnach **116,000 post, ar bhonn díreach agus indíreach** araon, a bhfuil 68,000 díobh ceangailte go díreach le cúrsaí digiteacha.
- Is é an ranníocóir aonair is mó leis an gcuid idirlín den gheilleagar ná caiteachas tomhaltóirí ar líne.
- Caitheann tomhaltóirí na hÉireann timpeall **€850,000 in aghaidh na huaire atá siad ar líne,** 24 uair in aghaidh an lae, agus is ionann é sin agus méadú 20% ó 2012.
- Tá tomhaltóirí na hÉireann ag súil go mbeidh sé sin ag **fás faoi 25%** sna 3 - 5 bliana atá amach romhainn.
- **Déanann 88% de thomhaltóirí na hÉireann** taighde ar tháirgí ar líne sula gceannaíonn siad iad, i gcomparáid le 79% ar fud an AE ar fad.
- Tá thart ar **aon duine amháin as gach seachtar Éireannach** (13.5% de dhaonra na ndaoine fásta) ann a bhfuil ioncam forlíontach á ghnóthú acu ar an idirlíon.[28]

Le blianta beaga anuas tá cathracha ar fud an domhain ag bogadh anois i dtreo choincheap 'na Cathrach Cliste', agus an teicneolaíocht a úsáid chun feabhas a chur ar an mbealach a mbíonn saoránaigh ag idirghníomhú leis an gcathair. Baineann Cathracha Cliste agus réigiúin Chliste úsáid as sonraí agus teicneolaíocht chun éifeachtúlachtaí a chruthú, an inbhuanaitheacht a fheabhsú, an fhorbairt eacnamaíoch a bhaint amach, agus gnéithe den saol atá tábhachtach do chaighdeán beatha an duine a fheabhsú. Tá Cathracha Cliste ar cheann de na margaí fáis is gasta ar domhan, agus tá sé tuairiscithe ag Allied Market Research gur ionann luach mhargadh domhanda na gCathracha Cliste in 2017 agus $ 517,629 milliún, agus meastar go sroichfidh sé $ 2,402,123 milliún faoi 2025, agus ráta fáis bliantúil cumaisc de 21.28% cláraithe aige idir 2018 agus 2025.[29]

Tá sé mar aidhm ag Baile Átha Cliath Cliste, tionscnamh de na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath a chur chun tosaigh i bhforbairt réitigh uirbeacha nua, trí tairbhe a bhaint as sonraí oscailte, agus réigiún na cathrach mar ionad tástála. Mar bhall bunaitheach den tionscnamh Baile Átha Cliath Cliste, in 2016, rinne Comhairle Contae Fhine Gall iarracht ghníomhach tairbhe a bhaint as an iliomad deiseanna atá ann chun an claochlú digiteach inmheánach a chur i gcrích agus an bheogacht eacnamaíoch a spreagadh sa réigiún mar gheall ar ghluaiseacht dhomhanda na gCathracha Cliste.

# CAD CHUIGE STRAITÉIS DHIGITEACH?

Tá 296,214 duine i bhFine Gall, agus fágann sé sin gurb é an tríú daonra is mó sa tír, agus an daonnra is mó fáis agus is óige in aon chontae in Éirinn.[30] Is ionann sin agus fás gar do 80% i gcomparáid le 30% go náisiúnta ó 1996. I gcoinne na bhfigiúirí i ndaonáireamh 2011, tá méadú 8% tagtha ar an líon daoine ata i bhFhine Gall, agus tá sé beartaithe go mbeidh breis is 330,000 sa chontae beomhar éagsúil eo faoi 2021. Daonra éagsúil atá ann ó thaobh eitneachais agus cultúir de; rugadh 23% den daonra lasmuigh d'Éirinn. Is é Baile Brigín, atá suite i dtuaisceart an chontae, an baile is óige, is mó fáis agus is éagsúla in Éirinn, agus tá breis is leathchuid de dhaonra Mhullach Eadrad i mBaile Átha Cliath 15 faoi 25 bliana d'aois.

Tugann an daonra óg, éagsúil, atá ag fás go tapa, iliomad deiseanna agus dúshlán don chontae. Trí straitéis dhigiteach a fhorbairt do Fhine Gall, táimid ag súil leis go bhfuiltear chun seirbhísí níos fearr a sholáthar don líon daoine atá ina gcónaí sa chontae atá ag dul i méad agus tacú le pobail, le gnóthais agus le saoránaigh chun lánacmhainneacht na dteicneolaíochtaí leathanbhanda agus digiteacha a bhaint amach.


Tá sócmhainní móra eacnamaíocha ag Fine Gall, lena n-áirítear Aerfort Bhaile Átha Cliath, a ghaireacht do Chathair Bhaile Átha Cliath agus Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath, bonneagar bóithre agus iarnróid agus suíomh den scoth ar chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste. Is mol eacnamaíoch suntasach don chontae é Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá dlúthnaisc ag Fine Gall le hInstitiúidí Ardoideachais Tríú Leibhéal. Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Tá campas de chuid an chéad Ollscoil Teicneolaíochta in Éirinn lonnaithe i mBaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15. Tá Crios Fiontar Bhaile Átha Cliath (DEZ) i bhFine Gall freisin. Cuimsíonn an DEZ 1,571 heicteár de thalamh atá criosaithe le haghaidh oifige, an T&F, na Déantúsaíochta Ardteicneolaíochta, an Tionscail agus na Fiontraíochta agus Fostaíochta Ginearálta, agus tá sé suite

díreach ó thuaidh ón N3 agus ó dheas ón N2. Tá an DEZ ar cheann de na criosanna fiontair is mó in Éirinn agus cuireann sé € 14.4 billiún leis an aschur eacnamaíoch náisiúnta agus le 34,600 post. Tá braisle TFC láidir dinimiciúil tógtha ag Comhairle Contae Fhine Gall i gceantar Bhaile Bhlainséir agus cuideachtaí ilnáisiúnta ann, Synopsys, IBM, Amazon, PayPal agus Symantec mar shampla.

Le Straitéis Dhigiteach Fhine Gall, déanfar tacaíochtaí an chórais den scoth eolaíochta, teicneolaíochta, nuálaíochta agus taighde a uasthreisiú chun tacú le haidhmeanna agus cuspóirí straitéise agus chun borradh a chur faoi Fhine Gall Digiteach.

Tá meascán de réigiúin tuaithe, uirbeacha agus fo-uirbeacha i bhFine Gall. D'admhaigh an OECD an tábhacht a bhaineann leis an leathanbhanda agus leis an mbonneagar digiteach do phobail tuaithe agus uirbeacha araon. Úsáidtear an téarma “deighilt dhigiteach” go coitianta chun tagairt a dhéanamh do leibhéil éagsúla rochtana agus úsáide teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFCanna) agus, go sonrach, do na bearnaí atá ann ó thaobh rochtana agus úsáide seirbhísí digiteacha ar an idirlíon. Soláthraíonn an rochtain leathanbhanda na bealaí fisiciúla chun na seirbhísí seo a úsáid, agus tá bearnaí ó thaobh infhaighteachta fós ina ndúshlán in go leor áiteanna tuaithe agus iargúlta. Le blianta beaga anuas, mar gheall ar an méadú atá tagtha ar thábhacht an nascacht leathanbhanda ar an idirghníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialta, tá an ghné seo den deighilt dhigiteach ina príomhábhar don bheartas poiblí.[31] Tá sé mar aidhm ag an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP) (2015) leathanbhanda ardluais iontaofa a sholáthar ar fud na hÉireann trí theaglaim d’infheistíocht Stáit agus tráchtála. Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta dó go n-éascófar rolladh amach an NBP tá sé aitheanta ag an gComhairle an ról ríthábhachtach a bheidh ag an leathanbhanda san fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta i bhFhine Gall, i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon.

Le cuidiú lenár ngeilleagar áitiúil agus lenár bpobail leas iomlán a bhaint as na deiseanna a thugann digiteach, tá straitéisí digiteacha áitiúla ríthábhachtach.



# COMHTHÉACS BEARTAIS NA STRAITÉISE DIGITÍ

## An Leibhéal Eorpach

Tá an Coimisiún Eorpach ina thiománaí digiteach le blianta fada anuas. In 2015 d'fhorbair an Coimisiún Straitéis 2020 na hEorpa[32] inar leagadh amach cuspóirí don fhás san Aontas Eorpach (AE) faoi 2020. Tá an straitéis seo bunaithe ar sheacht gcrann taca, agus bhí an Clár Oibre Digiteach[33] ar cheann de na crainn taca fáis lárnacha sin. Ba é príomhchuspóir an Chláir Oibre Dhigitigh margadh digiteach aonair a fhorbairt d'fhonn fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a ghiniúint san Eoraip.


Is é an phríomhsprioc atá ag Straitéis Mhargaidh Aonair Dhigitigh an Choimisiúin Eorpaigh ná go mbainfidh saoránaigh Eorpacha leas as forbairtí a thagann ar an nascacht dhigiteach, o scileanna digiteacha, i seirbhísí poiblí digiteacha, agus ar an infheistíocht i dtaighde, chomh maith leis an fhorbairt agus nuálaíocht sa TFC. Tá Coimisiún an AE ag spreagadh agus ag tacú le ballstáit a mbonneagar agus a seirbhísí digiteacha a fhorbairt trí shraith deiseanna maoinithe. Seoladh an tionscnamh WiFi4EU i mBealtaine 2018 le ciste de € 120 milliún, agus tá sé mar aidhm aige rochtain ar an nascacht gan sreang a chur chun cinn in áiteanna poiblí. Tá sé beartaithe ag Coimisiún an AE €9.2 billiún breise eile a infheistiú sa chéad chlár riamh de chuid na hEorpa Digití.[34] Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Fhine Gall a bonneagar agus a seirbhísí digiteacha a bharrfheabhsú le tacaíochtaí maoinithe ó Choimisiún an AE agus le tionscnaimh tacaíochta agus forbartha eile.

Mar chuid de straitéis an Mhargaidh Aonair Dhigitigh, foilsíonn an Coimisiún Eorpach an Tuarascáil Eorpach ar Dhul Chun Cinn Digiteach (EDPR) gach bliain, a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn i mbeartais dhigiteacha sna Ballstáit.


| An Ghné Dhigiteach | Cuir Síos |
|---|---|
| **1 An Nascacht** | Leathanbhanda seasta, leathanbhanda soghluaiste, luas leathanbhanda agus praghsanna |
| **2 An Caipiteal Daonna** | Úsáid an idirlín, bunscileanna agus ardscileanna digiteacha |
| **3 Úsáid an Idirlín** | Úsáid na saoránach as ábhar, cumarsáid agus idirbhearta ar líne |
| **4 Comhtháthú na Teicneolaíochta Digití** | Digitiú an ghnó agus an ríomhthráchtáil |
| **5 Seirbhísí Poiblí Digiteacha** | An r-Rialtas |

Tá sé léirithe i dtuarascáil 2018 go bhfuil na geilleagair dhigiteacha is úire san AE ag an Danmhairg, an tSualainn, an Fhionlainn, agus an Ísiltír agus i Lucsamburg, Éire, an Ríocht Aontaithe, an Bheilg agus an Eastóin ina dhiaidh sin ar an Innéacs um Gheilleagar Digiteach agus Sochaí (DESI).

## Rangú ar an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) 2017




## Rangú ar an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) (2018)




35

In 2017, bhí Éire rangaithe san ochtú áit san iomaíocht le bheith mar an náisiún is digitithe i measc Ballstáit an AE, agus in 2018 cuireadh feabhas feidhmíocht fhoriomlán na tíre agus bhí sí sa séú háit sa tuarascáil a cuireadh amach faoin Innéacs um Gheilleagar Digiteach agus Sochaí.

## An Leibhéal Náisiúnta

Le blianta beaga anuas, tá tosaíocht tugtha ag Rialtas na hÉireann do sheachadadh agus do chur i bhfeidhm chlár oibre digiteach an AE agus an Mhargaidh Aonair Dhigitigh trí fhorbairt agus chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus trí straitéisí digiteacha náisiúnta agus áitiúla a chur chun cinn.

Tá an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (RCGAC) ag cur cúrsaí digiteacha chun cinn le tamall anuas. In 2013, d'fhoilsigh an RCGAC an Straitéis Dhigiteach Náisiúnta[36] d'Éirinn. Bhí sé dírithe ar thrí réimse sprice:

- **An Fhiontraíocht** – bhí sé mar phríomhaidhm 10,000 gnóthas a chur ar fáil ar líne den chéad uair agus go mbeidh 2,000 díobh ag trádáil ar líne
- **Saoránaigh** – bhí sé mar phríomhaidhm "líon na daoine nach bhfuil taithí acu ar an idirlíon go dtí seo a laghdú faoi leith faoi 2016"
- **An tOideachas** – in go leor de na tionscnamh bhí sé mar phríomhchuspóir "100mbs a soláthar do gach uile iar-bhunscoil ar bhonn céimneach

Faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2018[37] tá creatlach le haghaidh Straitéise Digití Náisiúnta ardleibhéil á fhorbairt faoi láthair. Is é aidhm na Straitéise seo cur chuige rialtais iomlán a sholáthar i leith an earnáil dhigiteach agus cuirfidh sé ar chumas d'Éirinn na tairbhí eacnamaíocha agus sochaíocha a thagann as forbairtí digiteacha leanúnacha a uasmhéadú. Tá Grúpa Idir-rannach na Straitéise Digití curtha ar bun chun tacú leis an Straitéis Dhigiteach Náisiúnta.

## An Leibhéal Áitiúil

Ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach tá ról tábhachtach ag digiteach cheana féin sna straitéisí atá ann cheana. Tugann Plean Forbartha Contae Fhine Gall 2017-2023, Alt 6.5 An Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide breac-chuntas ar bheartas Chomhairle Contae Fhine Gall láithreacht TFC sa chontae a mhéadú chun cur leis na deiseanna fáis atá ar fáil san earnáil.[38]

Aithníonn Plean Forbartha Leabharlanna Fhine Gall 2018-2023 an gá atá le rochtain ar theicneolaíocht faisnéise, seirbhísí digiteacha agus scileanna trína chroíchuspóirí. Díríonn Cuspóir 5 ar theicneolaíocht. Deirtear ann go gcuirfidh Leabharlanna Fhine Gall 'deiseanna oiliúna ar fáil chun an deighilt dhigiteach a dhúnadh go hinmheánach agus go seachtrach. Tá Leabharlanna Fhine Gall tiomanta dó seirbhís nuálach agus saibhir ó thaobh na teicneolaíochta a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais ár bpobail faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo'[39] Is beart é atá luaite i bPlean Forbartha na Leabharlainne rochtain ar an leathanbhanda ardluais a chur ar fáil i ngach uile Leabharlann i bhFine Gall.

Le Straitéis Aoisbhá Fhine Gall 2018-2023, tugtar aitheantas don ghá atá ann tacú le seanóirí chun an deighilt dhigiteach a dhúnadh. Mar gheall ar an oiread a bhfuiltear tar éis cúrsaí an tsaoil a dhigitiú sa tsochaí go hiondúil, tá tionchar ag an próiseas digitithe sin ar shaol na seanóirí, go háirithe agus oifigí poist á ndúnadh chomh maith leis a lán seirbhísí éagsúla a bheith ann, bainc ina measc, gur ar líne atá siad ar soláthar, de réir a chéile. Sa chomhthéacs seo, ní mór a áirithiú go ndéantar ár saoránaigh aosta a éascú agus a thacú ar bhealach lena ndúntar an deighilt dhigiteach atá ann agus lena ndéantar dtugtar urraim dá roghanna féin agus dá riachtanais ag an am céanna. Tá breac-chuntas le fáil sa Straitéis Aoisbhá ar chuspóir lárnach chun cabhrú leis an deighilt sin a dhúnadh.

D'aithin Straitéis Scileanna Fhine Gall ganntanas scileanna criticiúla don earnáil Seirbhísí Gairmiúla. Cuirtear le fios san anailís go bhfuil bearna shuntasach ann de suas le 919 Post Ghairmiúila agus Theicniúila in aghaidh na bliana. D'fhonn freastal ar an éileamh ar fhórsa saothair teicniúil ardoilte moltar sa tuarascáil go n-oibreodh soláthraithe oideachais agus Comhairle Contae Fhine Gall chun seirbhísí agus cúrsaí scileanna digiteacha a chur chun cinn.[40]

Tá breac-chuntas le fail i bPlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Fhine Gall (LECP) 2016–2020 ar thábhacht an dhigitigh chun fás a chur faoi phobail. Tugann an plean tosaíocht do dhigiteach i Sprioc Ardleibhéil 4: Oiliúint agus cruthú post a uasmhéadú Deiseanna oibre tríd an acmhainneacht a ghníomhachtú i bpobail áitiúla. Beart 33: Acmhainneacht na ríomhfhoghlama a uasmhéadú, scileanna an phobail sa TFC a uas-sciliú, agus an rochtain ar theicneolaíochtaí a éascú chun daoine a chur ar a gcumas tairbhe a bhaint as an ríomh-Fhoghlaim agus a bheith in ann teacht ar rochtain ar an fhaisneis.[41]



# TÍRDHREACH DIGITEACH FHINE GALL


Maidir leis an mbonneagar teileachumarsáide, is fearr a fhreastalaítear ar Fhine Gall ná ar na contaetha tuaithe atá lonnaithe timpeall air, ach tá deighilt tuaithe-uirbeach sa cheantar é féin fós féin maidir le seirbhísí leathanbhanda ardluais agus fágann sé sin go bhfuil pobail tuaithe ann faoi mhíbhuntáiste maidir lena riachtanais mhaireachtála agus oibre araon. Sna sonraí is úrnua atá ar fáil ón RCGAC (R2-2019 - Tábla 1), tá sé léirithe nach bhfuil rochtain ag beagnach 9% de na háitribh ar sheirbhísí leathanbhanda ardluais atá iontaofa.[42]

Mar gheall ar an gcaidreamh atá déanta le saoránaigh áitiúla agus le gnólachtaí, fuarthas amach go bhfuil pócaí nó pointí dona den dhroch-nascacht ann laistigh den limistéar gorm ar léarscáil an Phlean Leathanbhanda Náisiúnta. Tugadh faoin gcomhairliúchán le déanaí ag deireadh chleachtadh mapála an Phlean Leathanbhanda Náisiúnta don ‘Limistéar Idirghabhála’ (R3-2019) i gcomhar leis na gníomhaireachtaí ábhartha agus leis an earnáil teileachumarsáide chun limistéar idirghabhála an Phlean Leathanbhanda Náisiúnta a nuashonrú.[43]

**An Plean Náisiúnta Leathanbhanda Léarscáileanna Toghcheantar - R3 2019**

| | Nasc leis an Léarscáil | Áitribh i Limistéar Idirghabhála | Áitribh atá clúdaithe ag Oibreoirí Tráchtála | Áitribh le clúdach leis an Imscaradh Tuaithe Tráchtála Pleanáilte | Líon Iomlán na nÁitreabh |
|---|---|---|---|---|---|
| BÁC - Fine Gall | Léarscáil | 6,050 | 57,338 | 194 | 63,582 |
| Cuan BÁC Thuaidh | Léarscáil | 425 | 65,595 | 0 | 66,020 |
| BÁC Thiar | Léarscáil | 1,121 | 46,976 | 0 | 48,097 |


***Tábla 1:*** *Léarscáileanna Toghcheantair um an Plean Leathanbhanda Náisiúnta - R3 2019*




BÁC Fine Gall




Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh



BÁC Thiar

## Measúnú Ullmhachta Digití

I mí Eanáir 2018, thug an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail conradh do Indecon Economic Consultants chun Measúnú Ullmhacht Digiteach (DRA) a dhéanamh ar gach údarás áitiúil. Soláthraíonn na DRAnna forbhreathnú ar aibíocht dhigiteach gach contae, agus béim curtha leis ar na láidreachtaí agus laigí iontu, agus is féidir iad a úsáid mar threoir chun an dul chun cinn a thomhas.

Breathnaíonn na DRAnna ar sheirbhísí poiblí agus bonneagar na n-údarás áitiúil, ar shaoránaigh, ar ghnólachtaí, chomh maith le gníomhaíochtaí na Comhairle féin. Tá cur chuige sheacht gcrann taca leagtha amach sa tuarascáil chun aghaidh a thabhairt ar an aibíocht dhigiteach.

Ag seo a leanas, na seacht gcrann taca atá sainaitheanta:


| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Ag Aistriú go dtí an Digiteach | 5 | Scileanna Digiteacha |
| 2 | An Bonneagar | 6 | An Nuálaíocht & an Fhiontraíochtp |
| 3 | An Geilleagar Digiteach & an Fhostaíocht | 7 | An Pobal & an Cultúr |
| 4 | Seirbhísí Digiteacha | | |

Cuireadh feidhmíocht an chontae i gcomparáid le grúpa de chontaetha eile a raibh an cóimheas céanna iontu maidir leis an deighilt sa daonra idir daoine atá ina gcónaí i gceantair tuaithe agus i gceantair uirbeacha, agus i gcomparáid leis an tír ar fad.

D'fheidhmigh Comhairle Contae Fhine Gall níos airde ná an meán náisiúnta  i ndáil le gach aon cheann de na seacht gcrann taca tá ag feidhmiú ar chomhchéim leis na Comhairlí eile.

Rangaigh an DRA Contae Fhine Gall mar 'Ardfhorbartha' i dtéarmaí na nuálaíochta digití agus na fiontraíochta agus rangaigh sé an contae mar 'Claochlaithe' i dtéarmaí an bhonneagair dhigitigh. Sa tuarascáil, bhí Contae Fhine Gall rangaithe mar 'Fhorbartha / Ardfhorbartha' maidir leis an soláthar seirbhísí digiteacha freisin.

Le Straitéis Dhigiteach Fhine Gall, beifear ag cur leis an rath atá bainte amach go dtí seo faoi na crainn taca seo chun an leas iomlán a bhaint amach astu agus chun an claochlú digiteach is mó a chinntiú dno shaoránach, do ghnólachtaí agus don rialtas.




*Figiúr1: Painéal um Measúnú na hAibíochta Digiteach*

# 10 An Comhairliúchán & an Rannpháirtíocht



## AN COMHAIRLIÚCHÁN AR AN STRAITÉIS DHIGITEACH


Tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin agus rannpháirtíochta d'fhonn Straitéis Dhigiteach agus plean gníomhaíochta atá ionchuimsitheach a chur i gcrích i bhFine Gall. Bhí roinnt beart i gceist leis an bpróiseas seo, lena n-áirítear anailís a dhéanamh ar bheartas agus ar dhoiciméid ábhartha, páipéar saincheisteanna poiblí a fhorbairt, ceardlanna smaointeoireachta deartha i gcomhar le geallsealbhóirí pobail agus gnó agus suirbhé comhairliúcháin a fhorbairt.

Ba é an chéad chéim bhunúsach chun straitéis dhigiteach a fhorbairt do Fhine Gall an Grúpa Maoirseachta Digiteach ar Fhine Gall a bhunú. Cuireadh an grúpa maoirseachta ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéise digití agus plean feidhmithe. Tá an grúpa seo comhdhéanta d'ionadaithe sinsearacha ó Chomhairle Contae Fhine Gall. Tá na hionadaithe seo ríthábhachtach don Straitéis chun rath a bheith rath an Straitéise agus an phlean feidhmithe

agus déanann siad ionadaíocht ar na ranna sa chomhairle ag seo a leanas - Rannán na Forbartha Eacnamaíochta, an Phobail, na Leabharlanna, an Airgeadais, na Pleanála, Oibríochtaí, an Chomhshaoil, na nAiltirí, na nGnóthaí Corparáideacha agus an Rialachais, na Cosanta Sonraí agus na Cumarsáide. Tá na rannpháirtithe liostaithe in Aguisín A.

Ba é ról an ghrúpa maoirseachta plé a dhéanamh ar dtús ar an acmhainneacht a d'fhéadfadh a bheith ag straitéis dhigiteach ar a rannáin, aird a tharraingt ar thionscnaimh dhigiteacha atá ann cheana ina rannáin faoi seach agus fáil amach faoi tionscadail dhigiteacha fhéideartha a d'fhéadfaí a áireamh sa straitéis. Tríd an bpróiseas rannpháirtíochta seo d'aithin an grúpa an gá le tuilleadh rannpháirtíochta le seaimpíní digiteacha inmheánacha agus seachtracha chun an clár oibre digiteach a chur chun cinn. Mar thoradh ar an bpróiseas rannpháirtíochta seo rinneadh comhairliúchán láidir le seaimpíní digiteacha inmheánacha agus seachtracha. Taispeánann an figiúr thíos miondealú ar an bpróiseas rannpháirtíochta geallsealbhóirí.

**Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara**




Is é an sprioc lárnach eile atá ag an ghrúpa maoirseachta ná chun cuidiú le forbairt agus le cur i bhfeidhm Straitéise Digití do Fhine Gall.

Bhí trí phríomh-mhodh rannpháirtíochta i gceist leis an gComhairliúchán um an Straitéis Dhigiteach - Páipéar Saincheisteanna a fhoilsiú agus comhairliúchán a dhéanamh ar líne; ceardlanna comhairliúcháin éagsúla le grúpaí straitéiseacha geallsealbhóirí; suirbhé ar líne a fhoilsiú chun ionchur a fháil ó slua níos leithne daoine.



PÁIPÉAR SAINCHEISTEANNA



CEARDLANNA



SUIRBHÉ

Ag seo, na cuspóirí is mó tábhacht a bhí sa Chomhairliúcháin um Straitéis Dhigiteach ná:

- Bonn eolais a chur le forbairt Straitéis Dhigiteach Chomhairle Contae Fhine Gall agus léargas ann ó gheallsealbhóirí ábhartha

- Rannpháirtíocht agus idirphlé bríoch a chumasú agus a spreagadh idir príomhpháirtithe leasmhara agus le foireann Digiteach Fhine Gall Chomhairle Contae Fhine Gall

Foilsíodh an Páipéar Saincheisteanna Straitéise Digití ar thairseach comhairliúcháin na Comhairle agus roinneadh go forleathan é trí bhealaí cumarsáide na Comhairle. Bhí comhairliúchán an Pháipéir Saincheisteanna oscailte ón 4 Meitheamh go dtí an 28 Iúil 2019. Ba é cuspóir chomhairliúchán an Pháipéir Saincheisteanna a iarraidh ar bhaill an phobail a gcuid tuairimí, aighneachtaí nó moltaí a bhaineann leis an Straitéis Dhigiteach. Chuir an páipéar forbhreathnú ar chreat na straitéise i láthair agus chuir sé ceisteanna chun plé agus díospóireacht a spreagadh faoi na rudaí a theastaigh ón bpobal a fheiceáil ina straitéis dhigiteach.

Is sleachta as an bPáipéar Saincheisteanna iad na giotaí ag seo thíos a bhfuil breac-chuntas le fáil iontu ar cheisteanna gur féidir iad a chur san áireamh agus tú ag trácht ar Chrainn Taca an Gheilleagair Dhigitigh.

**An Geilleagar Digiteach** - *Ár ndícheall a dhéanamh chun Fine Gall a fhorbairt mar cheantar ionas gurb é an áit is fearr chun do ghnólacht a thionscain agus é a fhás araon*
Tá sé an-tábhachtach ar fad do thodhchaí Fhine Gall go ndéantar an nuálaíocht agus an fhiontraíocht a thacú agus a spreagadh agus chomh maith leis sin, nuair a dhéantar é sin cuireann sé leis an tarraingtheacht foriomlán an chontae chun an infheistíocht idirnáisiúnta a mhealladh.

**Agus tú i mbun d'aighneacht a dhréachtú, d'fhéadfá na ceisteanna ag seo a leanas a choimeád i gcuimhne le bheith áirithe mar chuid den fhreagra a dhéanann tú:**

- Cad iad na háiseanna a spreagfadh tú chun gnó a fhás i bhFine Gall?
- Cad iad na tacaíochtaí ba chóir a bheith i bhfeidhm chun cabhrú le gnó a fhás i gceantair tuaithe Fhine Gall?
- Conas is féidir linn tacú le FBManna le cláir dhigiteacha thiomnaithe?
- Conas is féidir linn iarracht a dhéanamh an infheistíocht idirnáisiúnta a mhealladh chun Fhine Gall?
- Conas is féidir linn teicneolaíochtaí cliste a úsáid chun an inmharthanacht agus an t-iomaíochas a fheabhsú?

Chun an próiseas comhairliúcháin a chomhlánú tuilleadh, d'eagraigh foireann Fhine Gall Digiteach ceardlanna smaointeoireachta dearaidh le grúpaí straitéiseacha geallsealbhóirí. Reáchtáladh seacht gceardlann rannpháirtíochta geallsealbhóirí san iomlán le linn na tréimhse comhairliúcháin leis na grúpaí seo a leanas


- Fóram do Sheanóirí Fhine Gall
- Comhlachas Tráchtála Fhine Gall
- Comhairle na nÓg Fhine Gall
- PPN Fhine Gall, an Ionchuimsiú Sóisialta, an Fhorbairt Tuaithe, An Aois Óg & an Fiontar
- PPN Fhine Gall, An tAthrú Aeráide, an Comhshaol & an tUisce
- Ionad Maireachtála Neamhspleáiche Bhaile Bhlainséir
- Ceardlann do Chomhairleoirí Fhine Gall

Ag na ceardlanna thug foireann Fhine Gall Digiteach breac-chuntas ar chreat na Straitéise Digití agus roinneadh na rannpháirtithe ina ngrúpaí chun iniúchadh a dhéanamh ar na réimsí a raibh siad ag iarraidh go ndíreodh an straitéis dhigiteach orthu. Iarradh orthu smaoineamh ar mar thús as an nua, le hacmhainní neamhtheoranta agus buiséad neamhtheoranta - cad ba mhaith leo a fheiceáil á forbairt mar chuid de straitéis dhigiteach d'Fhine Gall. Ag deireadh na ceardlainne cuireadh na moltaí go léir ar bord agus iarradh orthu ansin tosaíocht a thabhairt do na trí mholadh is fearr a bhí ann.












Taifeadadh agus cuireadh ábhar gach ceardlainne mar aighneachtaí chuig comhairliúchán an Pháipéir um Shaincheisteanna Straitéise Digití. Tháinig téamaí comónta chun cinn mar thoradh ar na ceardlanna geallsealbhóirí a bhí de chuidiú chun Suirbhé Straitéise Digití gairid ar líne a struchtúrú.

Ba é cuspóir an tsuirbhé teagmháil a dhéanamh le lucht féachana níos leithne nach mbeadh sásta aighneacht níos faide a dhéanamh agus ionchur a fháil ag imeachtaí poiblí.

Cuireadh an suirbhé chun cinn go forleathan ar na meáin shóisialta. Bhí sé inrochtana trí nasc gréasáin agus ar Aip Fingal Voices. Chuir foireann Fhine Gall Digiteach seastáin ar bun ag Leabharlanna Fhine Gall agus ag an Aonach Contae Blasanna Fhine Gall a raibh os cionn 80,000 duine i láthair ann. Reáchtáil an fhoireann chomhairliúcháin comórtas dathúcháin ag seastán Fhine Gall Digiteach chun slua níos óige a mhealladh agus chun léiriú amhairc a bhailiú ar an gcuma a d’fhéadfadh a bheith ar Fhine Gall Digiteach sa bhliain 2100.



# Suirbhé faoi Straitéis Dhigiteach Fhine Gall

Tá Comhairle Contae Fhine Gall i mbun Straitéis Dhigiteach a ullmhú chun pobail agus gnóthais a spreagadh agus a thacú ionas gur féidir leo na buntáistí iomlána a bhaineann le sochaí atá cumasaithe go digiteach a bhaint amach. Cuideoidh torthaí an tsuirbhé seo le tosaíocht agus múnlú a dhéanamh ar thodhchaí Straitéis Dhigiteach Fhine Gall.

1 Tosaigh — 2 Críochnaigh

Cad iad na réimsí is tábhachtaí ar cheart díriú orthu sa Straitéis? (Roghnaigh na 3 cinn is fearr leat)

- ☐ Geilleagaar Digiteach
- ☐ Seirbhísí Digiteacha
- ☐ Bonneagar & Sonraí
- ☐ Scileanna Digiteacha
- ☐ An Pobal & an Cultúr
- ☐ Aistirú Digiteach

onas is féidir leis an soláthar digiteach feabhas a chur ar an mbealach ina mairimid, ina n-oibrímid nó ina ndéanaimid an gnó i bhFine Gall? Cad ba mhaith leat a bheith curtha le Straitéis Dhigiteach Fhine Gall?

Rinneadh na smaointe/saincheisteanna ag seo a leanas a shainaithint sna ceardlanna comhairliúcháin um Straitéis Dhigiteach. Cad iad na smaointe/saincheisteanna is mó a aontaíonn tú leo? (Roghnaigh 5 cinn, sa mhéad, mura miste)*

- ☐ An Wifi Poiblí Saor in Aisce
- ☐ Carranna Leictreonacha
- ☐ Spásanna Oibrithe Comhroinnte
- ☐ An Oiliúint i Scileanna Digiteacha
- ☐ Caighdéan an Idirlín
- ☐ Scéimeanna Idirghlúine
- ☐ Tionscadail Curtha Ar Aghaidh ag an bPobal
- ☐ Dróin le haghaidh na Dumpála Mídhleathaí
- ☐ An Fuinneamh In-Athnuaite
- ☐ Comharthaí Digiteacha
- ☐ Moil Dhigiteacha
- ☐ An TCI sa Phobal
- ☐ An Phríobháideacht & an tSlándáil
- ☐ Binsí Cliste
- ☐ Scéim Comhroinnte Rothar/Carranna
- ☐ Aipeanna Inrochtaineachta
- ☐ Criosanna Saor ón Teicneolaíocht
- ☐ An Feasacht & an Rannpháirtíocht

An bhfuil aon rud atá ag cur bacainn ort mar shaoránach ó níos mó den teicneolaíocht dhigiteach a úsáid in aon ghné de do shaol?


Má tá aon smaointe nó tuairimí breise agat, déan cur síos orthu anseo, le do thoil.

# TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN

Cuireadh isteach 26 aighneacht san iomlán do Pháipéar Saincheisteanna Poiblí na Straitéise Digití agus 62 bharúil curtha leo. Mar gheall ar na barúlacha sin, tá níos mó ná 100 smaoineamh a bhféadfar iad a bheith forbartha chun tacú le Straitéis Dhigiteach Fhine Gall.

Rinne foireann Fhine Gall Digiteach gach aon aighneacht comhairliúcháin a scrúdú agus rinne siad na moltaí agus na smaointe iontu a rangú de réir na téamaí comónta a bhí iontu. Sa bhealach sin, bhí siad in ann anailís a dhéanamh ar mhinicíocht na moltaí is coitianta. Sa ghraf ag seo thíos, tá na tionscadail agus smaointe a bhí molta sna haighneachta, agus iad rangaithe le chéile de réir na téamaí comónta a bhí iontu.

**Tionscadail / Smaointe Féideartha a Shainaithnigh na Rannpháirtithe**





Ag seo, na téamaí ba choitianta a sainaithníodh:

- An Rialtas Digiteach – m.sh. Seirbhísí na Comhairle ar Líne
- An Gnó Digiteach - m.sh. Moil dhigiteacha & áiseanna comhoibrithe
- An Bonneagar Digiteach - m.sh. WiFi saor in aisce & infhaighteacht leathanbhanda níos fearr
- An Pobal Digiteach - m.sh. Rannpháirtíocht an phobail & Scileanna digiteacha


Ghlac 337 rannpháirtí páirt sa Suirbhé ar an Straitéis Dhigiteach. Bhí an suirbhé dírithe ar smaointe agus ar shaincheisteanna ar leith a bhí ardaithe sna ceardlanna comhairliúcháin le haghaidh na Straitéise Digití. Ag seo thíos, príomhthorthaí na hanailíse ar an suirbhé.

Go suntasach, dúirt 46% de na rannpháirtithe sa suirbhé go raibh constaicí orthu teacht ar an teicneolaíocht dhigiteach. Ba iad na príomhchúiseanna a sainaithníodh ná an droch-nascacht, an t-easpa scileanna agus an imní maidir leis an tsábháilteacht ar líne.

**Cad iad na réimsí is tábhachtaí ar cheart díriú orthu sa straitéis?**





**An bhfuil aon rud atá ag cur bacainn ort mar shaoránach ó níos mó den teicneolaíocht dhigiteach a úsáid in aon ghné de do shaol?**




Nuair a iarradh orthu ord tosaíochta a chur leis na smaointe ar mhaith leo an Straitéis a bheith dírithe orthu, mheas na rannpháirtithe gurb é an rochtain ar an WiFi poiblí saor in aisce an phríomhthosaíocht.

**Rinneadh na smaointe/saincheisteanna ag seo a leanas a shainaithint sna ceardlanna comhairliúcháin um Straitéis Dhigiteach.**




Ag seo thíos, gearrléargas ar chuid de na tráchtanna a fuarthas ón bPáipéar Saincheisteanna agus ón Suirbhé.

"Dá mba rud é go rabhthas in ann ceamaraí slándála digiteacha a úsáid chun cuidiú linn aghaidh a thabhairt **don iompar frithshóisialta agus don dumpáil neamhdhleathach,** d'fhéadfadh Fine Gall ceannaireacht a ghlacadh san iarracht deireadh a chur lena leithéid agus athrú chun feabhais a bhaint amach a bheadh de chuidiú do na Gardaí agus a headh éifeachtach ó thaobh costais don íocóir cánach."

"Teastaíonn **níos mó pointí luchtaithe carranna leictreacha** ar fud Fhine Gall."

"FDI ardteicneolaíochta agus fiontraithe ardteicneolaíochta a mhealladh chuig Moil Bhaile Átha Cliath, cuir láithreáin seirbhísithe chun cinn mar **'Chriosanna Réidh Don Digiteach'.** Déan sárthaispeántas d'fheidhmíocht an Leathanbhanda ardchaighdeáin. **Infheistiú a dhéanamh in áiseanna gorlainne ardteicneolaíochta. Deasca sealaíochta a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta.** Cultúr a bheith i bhfeidhm a dtacaíonn le gnólachtaí nuathionscanta. "

"Ba cheart tacaíochtaí a thabhairt do **ghrúpaí pobail chun iad a chur ar a gcumas straitéis dhigiteach a bheith acu."**

"An wifi atá saor in aisce agus slán sábháilte ar fáil ar fud Réigiún Fhine Gall chun rochtain ar fhaisnéis phoiblí agus ar sheirbhísí na comhairle a éascú. "

"Caithfimid dul i **mbun teagmhála le glúin na n-aosach agus leanúint ar aghaidh ag tairiscint an deis dóibh dul ar líne agus seirbhísí digiteacha a úsáid chun iad a chumhachtú.** Níos mó oiliúint atá ar fáil go poiblí a chur ar fáil do sheanóirí."

Rinneadh anailís, achoimre ar aiseolas chomhairliúcháin na Straitéise Digití agus cuireadh i láthair í do Ghrúpa Maoirseachta Digiteach Fhine Gall lena hathbhreithniú. Tá an t-aiseolas comhairliúcháin mar bhonn leis na hinsolátharthaí faoin Straitéis Digiteach atá leagtha amach sa doiciméad seo.

Tá tuilleadh faisnéise ar Pháipéar saincheisteanna Comhairliúcháin um an Straitéis Dhigiteach agus faoin Suirbhé le fáil in Aguisín B.


Ai
ARTIFICIAL INTELLIGENCE
MACHINE LEARNING
BLOCK CHAIN

# 11 Aguisín A

## GRÚPA MAOIRSEACHTA AR FHINE GALL DIGITEACH

| Grúpa Maoirseachta Ar Fhine Gall Digiteach | | |
|---|---|---|
| John Quinlivan (Cathaoirleach) | Stiúrthóir Seirbhísí | Cúrsaí Corparáideacha & An Rialachas Corparáideach |
| Aishling Hyland | Bainisteoir na Straitéise Digití | An Teicneolaíocht Faisnéise |
| Dominic Byrne | Ceann TF | An Teicneolaíocht Faisnéise |
| Brian Buckley | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach | Cúrsaí Corparáideacha & An Rialachas Corparáideach |
| Colm McQuinn | Oifigeach Bainistíochta Faisnéise & Sonraí | Cúrsaí Corparáideacha & An Rialachas Corparáideach |
| Pat Boyle | Ailtire Sinsearach | Ailtirí |
| Íde De Bairtiséil | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach | An Pobal |
| Aoife Sheridan | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach | An Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontraíochta & Turasóireachta |
| Helen O'Donnell | Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach | Leabharlanna |
| Shay Barker | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach | Airgeadas |
| Paul Smyth | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach | Oibriúcháin |
| Gerry McDermott | Bainisteoir Meán & Cumarsáide | An Chumarsáid |
| Catherine O'Donovan | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach | An Comhshaol |
| Philip Long | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach | An Phleanáil |

| Rannpháirtithe Eile | |
|---|---|
| Aishling Lennon | Baile Átha Cliath Cliste |
| Alan Murphy | Baile Átha Cliath Cliste |
| Giovanni Maccani | Ollscoil Mhá Nuad |
| Niall Connolly | Ollscoil Mhá Nuad |
| Jamie Moore | PPN Fhine Gall |
| Oisin Geoghegan | OÁF Fhine Gall |

# 10 Aguisín B

## PÁIPÉAR SAINCHEISTEANNA COMHAIRLIÚCHÁIN UM AN STRAITÉIS DHIGITEACH

D'fhorbair Comhairle Contae Fhine Gall Páipéar Saincheisteanna Straitéiseacha Straitéise Digití chun tacú le comhairliúchán agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí. Chuir an doiciméad forbhreathnú ar chreat na Straitéise i láthair agus leagadh amach ann ceisteanna chun plé a spreagadh. Foilsíodh an Páipéar Ceisteanna ar thairseach comhairliúcháin na Comhairle agus roinneadh go forleathan é trí bhealaí cumarsáide na Comhairle. Cuireadh cóipeanna crua den Pháipéar ar fáil i Leabharlanna Fhine Gall agus in Oifigí na Comhairle. Bhí comhairliúchán an Pháipéir Saincheisteanna oscailte ón 4 Meitheamh go dtí an 28 Iúil 2019.

Is féidir na sonraí iomlána maidir leis an bpáipéar agus na haighneachtaí a fháil anseo
https://consult.fingal.ie/en/consultation/fingal-digital-strategy

Iarradh ar an pobal aiseolais a thabhairt ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- ar líne ag https://consult.fingal.ie/en/consultation/fingal-digital-strategy
- nó trí ríomhphost a chur chuig: digitalfingal@fingal.ie
- sa phost chuig Bainisteoir na Straitéise Digití, Rannán na Teicneolaíochta Faisnéise, Comhairle Contae Fhine Gall, Áras Na Comhairle Contae, An tSráid Mhór, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath. K67 X8Y2

Is sleachta as an bPáipéar Saincheisteanna iad na giotaí ag seo thíos a bhfuil breac-chuntas le fáil iontu ar cheisteanna gur féidir iad a chur san áireamh agus tú ag trácht ar Chrainn Taca na Straitéise Digití.

**Agus tú i mbun d'aighneacht a dhréachtú, d'fhéadfá na ceisteanna ag seo a leanas a choimeád i gcuimhne le bheith áirithe mar chuid den fhreagra a dhéanann tú::**

- Cad iad na háiseanna a spreagfadh tú chun gnó a fhás i bhFine Gall?
- Cad iad na tacaíochtaí ba chóir a bheith i bhfeidhm chun cabhrú le gnó a fhás i gceantair tuaithe Fhine Gall?
- Conas is féidir linn tacú le FBManna le cláir dhigiteacha thiomnaithe?
- Conas is féidir linn iarracht a dhéanamh an infheistíocht idirnáisiúnta a mhealladh chun Fhine Gall?
- Conas is féidir linn teicneolaíochtaí cliste a úsáid chun an inmharthanacht agus an t-iomaíochas a fheabhsú?
- Conas is féidir linn an fhiontraíocht a spreagadh agus a fhorbairt i measc na ndaoine óga?

**Agus tú i mbun d'aighneacht a dhréachtú, d'fhéadfá na ceisteanna ag seo a leanas a choimeád i gcuimhne le bheith áirithe mar chuid den fhreagra a dhéanann tú:**

- Conas is féidir linn tionscnaimh dhigiteacha faoi stiúir an phobail a spreagadh agus a fhorbairt?
- Mar duine de phobal Fhine Gall, conas ar mhaith leat go rachadh an chomhairle i dteagmháil leat?
- An bhfuil aon bhonneagar digiteach ríthábhachtach agat ba cheart don chomhairle a fhorbairt do phobail?
- Cad iad na réimsí is tábhachtaí ar cheart díriú orthu sa straitéis dhigiteach ar mhaithe leis an bpobal?
- Conas is féidir le teicneolaíochtaí comhoibritheacha pobail a thabhairt le chéile?
- Conas is féidir linn cabhrú le daoine scothaosta maireachtáil go neamhspleách níos faide?
- Conas is féidir linn glacadh le ceardlanna scileanna digiteacha a spreagadh do ghrúpaí pobail?
- Conas is féidir linn folláine an tsaoránaigh a fheabhsú?

**Agus tú i mbun d'aighneacht a dhréachtú, d'fhéadfá na ceisteanna ag seo a leanas a choimeád i gcuimhne le bheith áirithe mar chuid den fhreagra a dhéanann tú:**

- Cad ba cheart dúinn a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá ann ó thaobh scileanna digiteacha?
- Ar cheart dúinn anailís um bearna scileanna digiteacha a dhéanamh i bhFine Gall?
- Cad iad na seirbhísí/uirlisí digiteacha ar mhaith leat a fheiceáil sa leabharlann, san ionad pobail nó sna foirgnimh phoiblí i do cheantar féin?
- Cad is féidir linn a dhéanamh chun cabhrú le seanóirí scileanna digiteacha bunúsacha a fhoghlaim?
- Chun cabhrú le daoine i ngrúpaí mionlaigh an teicneolaíocht a úsáid?
- Cén chaoi ba cheart an deighilt dhigiteach atá i bhFine Gall a dhúnadh?

**Agus tú i mbun d'aighneacht a dhréachtú, d'fhéadfá na ceisteanna ag seo a leanas a choimeád i gcuimhne le bheith áirithe mar chuid den fhreagra a dhéanann tú:**

- Cad é an fhís dhigiteach atá agat féin d'Fhine Gall?
- An bhfuil aon phrionsabail bhunúsacha ann gur chóir a áireamh sa Straitéis Dhigiteach?
- Cén chaoi ar mhaith leat go gcuirfí ar an eolas tú faoin Straitéis Dhigiteach agus cén chaoi ar mhaith leat do bharúil a chur ar fáil dúinn maidir leis?
- an bhfuil aon rud atá ag cur bacainn ort mar shaoránach ó níos mó den teicneolaíocht dhigiteach a úsáid in aon ghné de do shaol?

**Agus tú i mbun d'aighneacht a dhréachtú, d'fhéadfá na ceisteanna ag seo a leanas a choimeád i gcuimhne le bheith áirithe mar chuid den fhreagra a dhéanann tú::**

- Cén cineál bonneagair ar mhaith leat a fheiceáil a bheith forbartha i bhFine Gall?
- Cad iad na téamaí is tábhachtaí do Fhine Gall, dar leat, a bhaineann le cathracha cliste? An tIompar Inbhuanaithe. An rialtas cliste/an chomhairle chliste?

| | |
|---|---|
| An Soghluaiseacht Chliste | Pobail Nasctha |
| Foirgnimh Chliste | Eile |
| An Fuinneamh, an tUisce & an Dramhaíl | |

- Conas is féidir linn bonneagar tearcúsáidte a athfhorbairt nó a athúsáid?
- Cad iad na feabhsúcháin is féidir a chur leis na saoráidí atá i bhFine Gall?
- Conas is féidir linn cur leis an fheasacht atá ann faoi ábhair leithéidí an eitic sonraí, cearta sonraí, na cosanta sonraí agus na cibearshlándála?
- Conas is féidir linn faisnéis ábhartha a chur ar fáil do dhaoine óga san fhíor-am?
- Cén cineál sonraí ba mhaith leat a bheith curtha ar fáil don chomhairle agus do chomhlachtaí poiblí eile?

| | |
|---|---|
| An tIompar | An tSláinte |
| An Comhshaol | Na hEalaíona, an Cultúr & an Oidhreacht |
| An Gnó | An Líon Daoine |
| An Tithíocht | |

**Agus tú i mbun d'aighneacht a dhréachtú, d'fhéadfá na ceisteanna ag seo a leanas a choimeád i gcuimhne le bheith áirithe mar chuid den fhreagra a dhéanann tú:**

- Conas is féidir linn a bheith mar cjomhairle dhigiteach uilechuimsitheach?
- Cad iad na feabhsúcháin a bhfuil tú ag iarraidh a bheith curtha lenár gcuid seirbhísí?
- Cén bealach a bhféadfadh an chomhairle tacú le daoine seirbhísí ar líne a úsáid?
- Cad iad na sochair is mó, dar leat, a bhaineann le scéim dá leithéid a bheith tugtha isteach?
- Cad iad na bacainní teicniúla, dar leat, ar scéim dá leithéid a bheith tugtha isteach? seirbhísí poiblí?
- Conas is féidir linn iarracht a dhéanamh teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun seirbhísí nuálacha a chur ar aghaidh?
- Cén chaoi ar cheart dúinn dearadh comhoibritheach uilechuimsitheach ár seirbhísí a ionchorprú?
- An féidir leat réimsí sna seirbhísí poiblí inar féidir an teicneolaíocht an nuálaíocht a spreagadh?

# 11 Aguisín C

## MEASÚNÚ ULLMHACHTA DIGITÍ

Rinne an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail conradh le hIndecon Economic Consultants chun Measúnú Ullmhacht Digiteach (DRA) do gach údarás áitiúil a dhéanamh. Soláthraíonn na DRAnna forbhreathnú ar aibíocht dhigiteach gach contae, agus béim curtha leis ar na láidreachtaí agus laigí iontu, agus is féidir iad a úsáid mar threoir chun an dul chun cinn a thomhas.

Tá caighdeán inniúlachta digití Chomhairle Contae Fhine Gall níos airde ná an meán náisiúnta, de réir na tuarascála um Measúnú Ullmhacht Digiteach Náisiúnta a d'eisigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Breathnaíonn na DRAnna ar sheirbhísí poiblí agus bonneagar na n-údarás áitiúil, ar shaoránaigh, ar ghnólachtaí, chomh maith le gníomhaíochtaí na Comhairle féin.

Tá cur chuige sheacht gcrann taca leagtha amach sa tuarascáil chun aghaidh a thabhairt ar an aibíocht dhigiteach. Ag seo a leanas, na seacht gcrann taca atá sainaitheanta:

- **Crann Taca I:** Ag Aistriú go dtí an Digiteach
- **Crann Taca II:** An Bonneagar
- **Crann Taca III:** An Geilleagar Digiteach & an Fhostaíochtt
- **Crann Taca IV:** Seirbhísí Digiteacha
- **Crann Taca V:** Scileanna Digiteacha
- **Crann Taca VI:** An Nuálaíocht & an Fhiontraíocht
- **Crann Taca VII:** An Pobal & an Cultúr


D'fheidhmigh Comhairle Contae Fhine Gall níos airde ná an meán náisiúnta i ndáil le gach aon cheann de na seacht gcrann taca tá ag feidhmiú ar chomhchéim leis na Comhairlí eile (ceantair uirbeacha a bhfuil níos lú ná 30% den líon daoine ann ina gcónaí i gceantair tuaithe).

Rangaigh an DRA Contae Fhine Gall mar 'Ardfhorbartha' i dtéarmaí an bhonneagair dhigitigh agus rangaigh sé an contae mar 'Claochlaithe' i dtéarmaí an gheilleagair dhigitigh agus na fostaíochta. Sa tuarascáil, bhí Contae Fhine Gall rangaithe mar 'Fhorbartha / Ardfhorbartha' maidir leis an soláthar seirbhísí digiteacha freisin.

Tá cóip de mheán náisiúnta iomlán an mheasúnaithe ullmhachta digití áitiúil ar fáil ach an nasc ag seo a leanas a chliceáil: https://www.gov.ie/pdf/4827/?page=1

# Painéal um Measúnú na hAibíochta Digiteach

- D'éirigh go maith le Contae Fhine Gall faoi Chrann Taca V (An Bonneagar Digiteach)
- Is féidir tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i gContae Fhine Gall ar fud gCrann Taca go léir, lena n-áirítear Crann Taca II (An Geilleagar Digiteach agus an Fhostaíocht)



# 12 Aguisín D

## PLAN WIFI POIBLÍ CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do bhonneagar agus seirbhísí digiteacha an Chontae a fhorbairt agus a fheabhsú. Beidh sé ina sócmhainn thábhachtach dár gcuairteoirí, dár ngnóthlachtaí agus dár gcónaitheoirí rochtain ar Wi-Fi poiblí saor in aisce a bheith acu i lár ár mbailte agus ár sráidbhailte. Tá sé ar cheann de chuspóirí straitéiseacha faoi Straitéis Dhigiteach na Comhairle an WiFi poiblí saor in aisce a sholáthar agus an bonneagar digiteach a fheabhsú.
Agus an tseirbhís seo tugtha isteach, déanfar an clú atá ar Fhine Gall a neartú mar áit cheannródaíoch agus mar thírdhreach uirbeach agus tuaithe ina bhfuil an t-ionchuimsiú digiteach, agus ina ndéantar an rochtain láidir ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis ar líne ar fud an Chontae a chur chun cinn. Tá an tionscnamh á bhainistiú ag Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise na Comhairle, atá ag dul i mbun idirchaidrimh i gcomhar leis na rannóga ábhartha sa Chomhairle.

Is iad príomhaidhmeanna thionscadal Wi-Fi na Comhairle:

- Rochtain phoiblí saor in aisce ar sheirbhísí idirlín a chur ar fáil sna limistéir is mó tábhachtaí sna bailte príomhúla, agus i sráidbhailte chomh maith.
- Fine Gall a chur chun cinn mar réigiún ceannródaíoch ina nglactar leis an ionchuimsiú digiteach.
- Wi-Fi poiblí saor in aisce a thabhairt isteach mar uirlis chúnaimh chun an fhás eacnamaíoch a chothú, rud a fhágfaidh go mbeidh Fine Gall ina cheann scríbe níos tarraingtí don saoránach, do ghnólachtaí agus do chuairteoirí chomh maith.
- Chun cur leis an rochtain phoiblí atá ar fáil ar sheirbhísí agus ar an fhaisnéis ar líne.
- Chun obair i gcomhar leis an earnáil tionsclaíochta chun an infheistíocht sa bhonneagar digiteach a chur chun cinn.

Cuirfear rolladh amach na mórphointí Wi-Fi poiblí i bhfeidhm ar bhonn céimnithe, ag tabhairt tosaíochta do réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo de réir mar atá sainmhínithe i bPlean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 - Lárionaid Bhaile Móra, Ionaid Baile agus Dúiche, Ionaid Áitiúla agus Sráidbhailte Tuaithe. Suiteálfar mórphointí Wi-Fi poiblí i réimsí éagsúla poiblí lena n-áirítear príomhshráideanna lár na mbailte, lárionaid sráidbhailte, ionaid phobail agus páirceanna. Tá an treochlár roinnte ina 6 chéim.

| Céim | Cur Síos | Ionaid |
|---|---|---|
| 1 | Oibreoir tráchtála a sholáthraíonn seirbhís wifi saor in aisce | Baile Brigín, Mullach Íde |
| 2 | Láithreáin WiFi Binse Cliste ar fud 8 mbaile agus sráidbhaile | Baile Bhlainséir, Sord, Binn Éadair, Baile Brigín, Mullach Íde, na Sceirí, Port Mearnóg, an Ros |
| 3 | Tionscnamh WIFI4EU - láir na mbailte móra | Baile Bhlainséir, Sord |
| 4 | Tionscnamh WIFI4EU - lárionaid bhailte agus dúiche | Baile Bhlainséir, Binn Éadair, Mullach Íde, na Sceirí, an Ros, Port Mearnóg, Caisleán Cnucha, Cluain Saileach, Domhnach Bat, Lusca, Cill Fhionntain, Baile Dúill |
| 5 | Tionscnamh WIFI4EU - sráidbhailte tuaithe | Seantrabh, Cionn Sáile, Baile Bachaile, Baile Scadán, Cúil Chaoith, Baile Gháire, An Aill, Móinéar na hAbhann, Teampall Mhaighréide, An Seanbhaile, Baile Mhic Dhoinn |
| 6 | Pointí Ceangail Leathanbhanda - faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda | Baile Scadán, Man of War, An Seanbhaile, Baile an Tirialaigh, Ard Gilláin, An Droichead Nua |

Is féidir sonraí iomlána Threochlár Wi-Fi Poiblí Chomhairle Contae Fhine Gall a fháil ag www.fingal.ie/sites/default/files/2019-05/fingal_county_council_public_wifi_roadmap.pdf

# 13 Aguisín E

## GLUAIS TÉARMAÍ AGUS ACRAINMNEACHA

### Acronyms

| | |
|---|---|
| **BCP** | Pointe Ceangail Leathanbhanda |
| **RCGAC** | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil |
| **DFOG** | Grúpa Maoirseachta Ar Fhine Gall Digiteach |
| **DRA** | Measúnú Ullmhachta Digití |
| **RFTP** | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |
| **CCFG** | Comhairle Contae Fhine Gall |
| **OFA** | Oifig Fiontair Áitiúil |
| **NBI** | Náisiúnta Leathanbhanda na hÉireann |
| **NBP** | An Plean Leathanbhanda Náisiúnta |
| **NDS** | An Straitéis Náisiúnta Digiteach |
| **PPN** | Líonra Rannpháirtíochta Pobail |
| **TUD** | Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath |

### Téarmaí

| | |
|---|---|
| An Banda Leathan | I gcomhthéacs na rochtana ar an Idirlíon, úsáidtear an focal leathanbhanda chun tagairt a dhéanamh d'aon rochtain ardluais ar an Idirlíon a chuireann luas íoslódála os cionn 30mb agus luas uaslódála os cionn 6mb ar fáil. |
| An Digitiú | Is éard atá i ndigitiú ná úsáid teicneolaíochtaí digiteacha chun samhail ghnó a athrú agus deiseanna nua ioncaim agus táirgeachta luacha a sholáthar; is é an próiseas atá ann bogadh chuig gnó digiteach. |
| WiFi | Tugtar WiFi, nó dílseacht gan sreang, ar an teicneolaíocht líonraithe gan sreang a úsáideann tonnta raidió chun naisc líonra agus Idirlín ardluais a sholáthar. |

| | |
|---|---|
| AI | Is éard atá i gceist leis an intleacht shaorga (AI) ná an t-ionsamhlú de phróisis faisnéise daonna a dhéantar le meaisíní, go háirithe le córais ríomhaireachta.. |
| AR | An Réaltacht Bhreisithe (AR) teicneolaíocht a chuireann íomhá a ríomhaire-ghinte chun tosaigh ar dhearcadh an úsáideora ar an bhfíorshaol, agus ar an gcaoi sin cuirtear léargas ilchodach dó le féachaint air. |
| VR | An réaltacht fhíorúil (VR) an t-ionsamhladh ríomhghinte d'íomhá nó de thimpeallacht tríthoiseach ar féidir le duine atá ag úsáid an trealamh leictreonach speisialta, mar shampla clogad a bhfuil scáileán istigh ann nó lámhainní atá feistithe le braiteoirí, idirghníomhú leis sa tslí is go bhfuil an cuma air don duine sin gur fíor nó ábharach an t-ionsamhladh sin.s. |
| STEAM | Cur chuige oideachasúil i leith na foghlama is é STEAM a úsáideann an Eolaíocht, an Teicneolaíocht, an Innealtóireacht, na hEalaíona agus an Mhatamaitic mar phointí rochtana chun cumas na mac léinn chun an fiosrú a dhéanamh a threorú, agus chun iad a threorú i leith an idirphlé agus na smaointeoireachta criticiúla. |
| Cathair / Réigiún / Contae Cliste | Is bhardas í cathair chliste ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) chun éifeachtúlacht na hoibríochta a mhéadú, an fhaisnéis a roinnt leis an bpobal agus an caighdeán sheirbhísí rialtais agus leas an tsaoránach a fheabhsú. |
| An Margadh Aonair Digiteach | Is beartas é an Margadh Aonair Digiteach a bhaineann le Margadh Aonair na hEorpa a chuimsíonn margaíocht dhigiteach, Ríomhthráchtáil agus teileachumarsáid. |
| Baile Átha Cliath Cliste | Is tionscnamh de chuid ceithre Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath é Baile Átha Cliath Cliste, a bhfuil sé de chuspóir aige soláthraithe teicneolaíochta cliste, taighdeoirí agus saoránaigh a chur i dteagmháil i gcomhar a chéile chun dúshláin a réiteach agus feabhas a chur leis an saol atá ann i gcathair agus i réigiún Bhaile Átha Cliath. |
| Fóram Uile-Éireann um Chathracha Cliste | Is éard atá i bhFóram Cathracha Cliste Uile-Éireann ná pobal cleachtais atá dírithe ar chathracha a chur chun cinn i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon trí chláir chathracha cliste a úsáid agus a chruthú luach. |
| Idirlíon na nEarraí | Tugtar Idirlíon na nEarraí le fios le IoT [Internet of Things sa Bhéarla]. Tagraíonn Idirlíon Rudaí don líonra earraí fisiciúla atá ag fás i gcónaí agus a bhfuil seoladh IP ann maidir le nascacht idirlín, agus an chumarsáid a tharlaíonn idir na rudaí seo agus gairis agus córais eile atá cumasaithe leis an Idirlíon. |
| An Mheaisínfhoghlaim | Is éard is meaisínfhoghlaim ann ná an intleacht shaorga (AI) a sholáthraíonn an cumas do chórais ríomhaireachta foghlaim agus feabhsú go huathoibríoch ó thaithí gan a bheith cláraithe go sainráite leis a dhéanamh. |

# 14 Aguisín F

## TAGAIRTÍ


1 **Plean Corparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall** www.fingal.ie/sites/default/files/201903/Corporate%20Plan%20%28reviewed%20Sept2016%29.docx.pdf

2 **Plean Forbartha Fhine Gall 2017 – 2023** www.fingal.ie/sites/default/files/2019-03/Fingal%20Development%20Plan%202017-2023%20-%20Written%20Statement_compressed_compressed.pdf

3 **Plean Forbartha Leabharlanna Fhine Gall 2018 – 2023** www.fingal.ie/sites/default/files/2019-03/Fingal%20Libraries%20Development%20Plan%202018-23.pdf

4 **Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall (LECP) 2016 – 2020** www.fingal.ie/sites/default/files/2019-04/fingal_local_economic_community_plan_2016_-_2020.pdf

5 **Plean Gníomhaíochta um an Athrú Aeráide 2019 – 2024** www.fingal.ie/sites/default/files/2019-08/20190812_fcc_climate_change_action_plan_final_0.pdf

6 **Smart Dublin Strategy** https://smartdublin.ie/about/

7 **Straitéis Scileanna Fhine Gall** www.fingaldublinchamberskillnet.ie/wp-content/ uploads/2019/04/Fingal-Co-Co-Skills-Strategy-Document-WEB5.pdf

8 **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-development-goals/

9 **An Plean Náisiúnta Leathanbhanda d'Éirinn** www.dccae.gov.ie/documents/Delivering%20the%20National%20Broadband%20Plan.pdf

10 **Straitéis Dhigiteach Náisiúnta na hÉireann** www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/topics/Digital-Strategy/Pages/default.aspx

11 **Digital Readiness Assessment for Irish Local Authorities, Indecon Economic Consultants** www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/4827/171218175236-28845d35 3c6344528e0a27685149ccfa.pdf#page=1

12 **Plean Náisiúnta Leathanbhanda - Léarscáileanna den Chlúdach** www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/topics/Broadband/national-broadband-plan/high-speed-broadband-map/Pages/Constituency-Maps.aspx

13 **Straitéis um Shonraí Oscailte 2017 – 2022** https://data.gov.ie/sites/default/files/files/Final%20Strategy%20online%20version(1).pdf

14 **An Straitéis maidir le Rannpháirtíocht Imirceach agus an Comhtháthú, 2019-2024** www.fingal.ie/sites/default/files/2019-11/migrantintegrationstrategy.pdf

15 **Straitéis Aoisbháúil Fhine Gall** http://agefriendlyireland.ie/wpcontent/uploads/2019/03/20571_Fingal_CoCo_AgeFriendly_Strategy_BilingualV5.pdf

16 **Plean Forbartha Leabharlanna Fhine Gall 2018 – 2023** www.fingal.ie/sites/default/files/2019-03/Fingal%20Libraries%20Development%20Plan%202018-23.pdf

17 **Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall 2016 – 2021 www.fingal.ie/sites/default/files/2019-04/fingal_local_economic_community_plan_2016_-_2020.pdf**

18 **Leabharlanna Ar Aghaidh do Digiteach** https://publiclibraries2030.eu/libraries-lead-with-digital/

19 **Tionscnamh Pobail Cliste, Cruinniú leis an gComhchoiste um an Fhorbairt Tuaithe agus Pobail, an 6 Feabhra 2019. Ráiteas ón Aire Seán Canney** https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/ committee/dail/32/joint_committee_on_rural_and_community_ development/submissions/2019/2019-02-06_opening-statement-sean- canney-t-d-minister-of-state-at-the-department-of-rural-and-community-development-and-the-department-of-communications-climate-action-and-environment_en.pdf

20 **Future Jobs Ireland 2019** https://dbei.gov.ie/en/Publications/Publication-files/Future-Jobs-Ireland-2019.pdf

21 **Straitéis Chliste Bhaile Átha Cliath** https://smartdublin.ie/about/

22 **Taighde Nuálaíochta do Ghnóthais Bheaga, Fiontar Éireann** www.enterprise-ireland.com/en/Research-Innovation/SBIR-Ireland/

23 **Daonáireamh 2016 - Próifíl 6 An Chomaitéireacht in Éirinn** www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp6ci/p6cii/p6www/

24 **Nuálaíocht Oscailte 2.0, An Margadh Aonair Digiteach** https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/open-innovation-20

25 **Fóram Uile-Éireann um Chathracha Cliste** https://smartcitiesireland.org/

26 **Sainmhíniú: Digital Native [Dúchasach Digiteach sa Ghaeilge], Foclóir Collins** www.collinsdictionary.com/dictionary/english/digital-native

27 **Sainmhíniú: Digital Native [Dúchasach Digiteach sa Ghaeilge], Foclóir Collins** www.collinsdictionary.com/dictionary/english/digital-native

28 **Global Mobile Consumer Survey, Deloitte (2017)** https://www2.deloitte.com/ie/en/pages/technology-media-and-telecommunications/articles/global-mobile-consumer-survey-2017.html

29 **Smart Cities Market Outlook 2025, Allied Market Research** www.alliedmarketresearch.com/smart-cities-market

30 **Daonáireamh 2016** www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp2tc/cp2pdm/pd/

31 **Bridging the Rural Digital Divide, OECD (2018)** www.oecd-ilibrary.org/docserver/852bd3b9-en.pdf?expires=1537259653&id=id&accname=guest&checksum=3CF083E811FBCA3718D99BAB762032D4

32 **An Straitéis Eoraip 2020** https://ec.europa.eu/eu2020/pdf/COMPLET%20EN%20BARROSO%20%20%20007%20-%20Europe%202020%20-%20EN%20version.pdf

33 **An Clár Oibre Digiteach, Margadh Aonair Digiteach an AE** www.europarl.europa.eu/ factsheets/en/sheet/64/digital-agenda-for-europe

34 **Buiséad an AE, Coimisiún an AE (2018)** http://europa.eu/rapid/press- release_IP-18-4043_en.htm

35 **The Digital Economy and Society Index (DESI) (2018)** https://ec.europa.eu/digital-single-market/digital-economy-and-society-index-desi

37 **Straitéis Dhigiteach Náisiúnta d'Éirinn www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/topics/Digital-Strategy/Pages/default.aspx**

38 **Plean Forbartha Fhine Gall 2017 – 2023** www.fingal.ie/sites/default/files/2019-03/Fingal%20Development%20 Plan%202017-2023%20-%20Written%20Statement_compressed_ compressed.pdf

39 **Plean Forbartha Leabharlanna Fhine Gall 2018-2023** www.fingal.ie/sites/default/files/2019-03/Fingal%20Libraries%20 Development%20Plan%202018-23.pdf

40 **Straitéis Scileanna Fhine Gall** www.fingal.ie/sites/default/files/2019-03/Fingal%20 Co%20Co%20Skills%20Strategy%20Document%20PQ5_0.pdf

41 **Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall (LECP) 2016 – 2020** www.fingal.ie/sites/default/files/2019-04/fingal_local_economic_community_plan_2016_-_2020.pdf

42 **Plean Náisiúnta Leathanbhanda - Léarscáileanna den Chlúdach** www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/topics/Broadband/national-broadband-plan/high-speed-broadband-map/Pages/Constituency-Maps.aspx

43 **An Chomhairliúchán Náisiúnta um Mapáil an Phlean Leathanbhanda** www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/consultations/Pages/ Conclusion-of-NBP-Mapping-Exercise.aspx



**Comhairle Contae**
**Fhine Gall**
Fingal County
Council

Comhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae,
Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
01 890 5000 | fingalcoco.ie